An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt

Department of Transport, Tourism and Sport

Tuarascáil Bhliantúil 2016

Clár Ábhair

Ár Misean 5

Réamhfhocal ón Aire..... 6

Réamhfhocal ón Aire Stáit 7

Réamhrá ag an Ard-Rúnaí 8

Súilfhéachaint ar staitisticí na Roinne 9

Comhtháthú le polasaí níos leithne an Rialtais 11

Brexit 11
Comhoibriú Thuaidh/Theas 11
Saoráid um Chónascadh na hEorpa an AE 2014-2020 12
Athrú Aeráide agus Breosla Ionadúil don Earnáil Iompair 12
Córais Chliste Iompair 13
Aonad Measúnaithe Eacnamaíochta agus Airgeadais 15
Pleanáil Éigeandála 15

Eitlíocht 17

Polasaí Náisiúnta Eitlíochta d'Éirinn 17
Clár agus Coiste Slándála Náisiúnta um Eitlíocht Shibhialta 19
An Coiste um Éascú Eitlíochta Náisiúnta 19
Aerfoirt Réigiúnacha 19
Rialachán Sábháilteachta an AE 20
Aerspás Eorpach Aonair 20
Comhaontuithe Aeriompair 22
Trácht Paisinéirí Aerfoirt 22
An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí 23

Iompar ar Tír 24

Infheistíocht in Iompar Poiblí 24
Cistiú Iompair Phoiblí 26
Leasú ar Mhargadh na mBus 26
Rialáil iarnróid 27
Clár Iompair Tuaithe 28
Rialáil Tacsaithe 28
Clár Iompair Inbhuanaithe 29
Infheistíocht i mBóithre 30
Bainistiú Bóithre 31
Sábháilteacht ar Bhóithre 33
Grúpa Oibre ar Chostas Árachais 35
Ceadúnú Oibreora Iompair ar Bhóithre 36

Acht um Chlampáil Fheithiclí 2015 36
Cód Poist Náisiúnta (Éirchód) 36

Muirí 37

Polasaí Náisiúnta um Chalafoirt 37
Soithí faoi Bhratach na hÉireann 38
Rialú Stáit ar Chalafoirt 38
Dlúthfheachtas Cigireachta 38
Slándáil Mhuirí 38
Reachtaíocht um Shábháilteacht Mhuirí agus Chomhshaoil agus Fógraí Mhuirí 38
Scéim Oideachais agus Oiliúna Muirí 39
Cuardach agus Tarrtháil 40
Sábháilteacht Mhuirí 40
Athbhreithniú ar an gCód Cleachtais d'Oibriú Árthaí Áineasa go Sábháilte 40

Turasóireacht 42

Ag troid ar son na hearnála turasóireachta 42
Clár Turasóireachta – Tosaíochtaí 43
Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Leasú) 2016 43
An Creat um Chaiteachas 44
Rialacháin um óstáin a chlárú 44
Eispéireas Branda Turasóireachta 44
Tacaíochtaí d'Fhiontraíocht 45
Turasóireacht Ócáide & Ghnó 45
An Corn Domhanda Rugbaí 46
Éire a Chur Chun Cinn Thar Lear 46

Spórt 48

Creat an Pholasaí Náisiúnta Spóirt 48
Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp 48
Fiosrúchán Moran 49
Infheistíocht i Spórt 49
Spórt Éireann 49
Ardghníomhaíocht 50
Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt 50
Rannpháirtíocht 50
Cód Rialachais 52
Cóitseáil 52
Frithdhópáil 52
An Campas Náisiúnta Spóirt 52

Ar dTiomantas d'Fheidhmíocht 54

Seirbhísí Custaiméara 54
Soláthar Foirne 54
Foghlaim agus Forbairt Foirne 55
Cóiríocht 55
Saoráil Faisnéise 55
An Ombudsman agus Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol 55
Pras-Íocaíochtaí 56

Aguisíní 57

Aguisín 1 57

Airí agus Ardbhainistíocht 57

Aguisín 2 57

Reachtaíocht Roinne 57

Aguisín 3 58

Staitisticí AD 58

Aguisín 4 59

Staitisticí Ghardaí Cósta na hÉireann – Treocht cúig bliana 59

Aguisín 5 60

Innéacs Acrainm 60

Ár Misean

Mar Roinn Rialtais atá lárnach, ag freastal ar an Rialtas agus ar mhuintir na hÉIreann, is é ár misean **múnlú a dheánamh ar fhorbairt sábháilte agus inbhuanaithe iompair, turasóireachta, agus spóirt, le tacú le fás eacnamaíoch agus dul chun cinn sóisialta.**

Ár Spriocanna Ardleibhéil

Agus an misean seo á thabhairt i gcrích, dírítear ar Spriocanna Ardleibhéil ár Statement of Strategy 2016-2019 Is iad na spriocanna seo ná:

- **Iompar ar Tír:** *an freastal is fearr a dhéanamh ar riachtanais na sochaí agus an gheilleagair trí líonraí agus seirbhísí iompair atá sábháilte, inbhuanaithe agus iomaíoch*
- **Eitlíocht:** *uasmhéadú a dhéanamh ar nascacht iompair aeir le hearnáil eitlíochta atá sábháilte, iomaíoch, cost-éifeachtúil agus inbhuanaithe*
- **Muirí:** *éascú a dhéanamh ar iompar muirí atá sábháilte agus inbhuanaithe agus ar sheirbhísí bainistíochta éigeandála a sholáthar.*
- **Turasóireacht:** *tacú le tionscal na turasóireachta le fás ar bhealach inbhuanaithe.*
- **Spórt:** *cur le sochaí níos sláintiúla agus níos gníomhaí trí rannpháirtíocht i spórt a chur chun cinn agus trí thacú le hardghníomhaíocht agus áiseanna spóirt a sholáthar.*

Tá ár seirbhísí tacaíochta corparáideach lárnach maidir lenár spriocanna a thabhairt i gcrích.

Réamhfhocal ón Aire

Tugann Tuarascáil Bhliantúil 2016 an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt imlíne ar an dul chun cinn a déanadh i rith na bliana maidir lenár misean agus ár spriocanna a thabhairt i gcrích.

Tá ról lárnach ag Iompar, Turasóireacht agus Spórt dea-bhail sóisialta agus eacnamaíochta ár Stáit. Is comhpháirt ríthábhachtach é ár gcóras iompair maidir leis an ngeilleagar a chothú agus a spreagadh chomh maith le bheith ina mhórchúinse maidir le héeagothramaíocht eacnamaíoch a laghdú in áiteanna éagsúla sa tír.

I 2016 fuair mé €1.8 billiún do Vóta na Roinne do 2017, ar mhéadú €72m ar 2016 é. Cuirfidh an méadú seo ar ár gcumas dul chun cinn leanúnach a dhéanamh maidir lenár misean a thabhairt i gcrích, agus tacóidh sé le tiomantais Chlár an Rialtais i leith na n-earnálacha iompair, turasóireachta agus spóirt a sholáthar.

Tá turasóireacht ag dul ó neart go neart le blianta beaga anuas, le méadú thar cuimse ar líon na gcuairteoirí go hÉirinn i 2016. I 2016 leanadh leis an bPlean Gníomhaíochta Turasóireachta a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo timpeall €5 billiún a bhaint amach mar ioncam ó chuairteoirí chun na tíre, le fostaíocht san earnáil turasóireachta ag fás chuig 250,000 agus méadú ar líon na gcuairteoirí go hÉirinn chuig 10 milliún faoi 2025.

Ach an méid sin ráite, tá an-imní orm maidir leis an méadú ar líon na ndaoine a fuair bás ar ár mbóithre i 2016. Leanfaidh mé le bheith ag obair to dlúth le gach gníomhaireacht iomchuí atá freagrach as sábháilteacht ar bhóithre d'fhonn laghdú a dhéanamh ar an uimhir seo. I dtaca leis seo, cuirim fáilte roimh Bhille um Thrácht Bóithre 2016 a ndearna na tOireachtas faomhadh air i mí Eanáir 2017. Tá forálacha sa Bhille le feabhas a chur ar ár ndlíthe, ag cabhrú lenár saoránaigh uile a choimeád níos sábháilte ar na bóithre. Táim ag tnúnth leis an mBille a shíniú le dlí a dhéanamh de, agus a fhorálacha a fhorfheidhmiú a luaithe agus is féidir é.

Tharla tragóid mhór do Ghardaí Cósta na hÉireann sa bhliain atá caite, le bás tubaisteach an Óglaigh Caitríona Lucas i 2016 agus criú Rescue 116, Dara Fitzpatrick, Mark Duffy, Paul Ormsby agus Ciarán Smith i 2017. Ba mhaith liom féin agus le mo Roinn ómós a thabhairt dóibh siúd a sholáthraíonn seirbhís chuardaigh agus tarrthála thar ceann Ghardaí Cósta na hÉireann, agus aiteantas a thabhairt dá misneach agus dá dtiomantas ollmhór.

Shane Ross TD

An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Réamhfhocal ón Aire Stáit

Tá an-áthas orm gur ceapadh mé mar Aire Stáit Turasóireachta agus Spóirt i Meitheamh 2017, agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do shaothar mo réamhtheachtaí, Patrick O'Donovan, atá le feiceáil sa tuarascáil seo. Ba bhliain iontach í 2016 do thurasóireacht na hÉireann, le lucht saoire ón tír seo agus ón gcoigríoch ag teacht anseo. Léiríonn sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh go raibh méadú thar cuimse ar líon na gcuairteoirí ón gcoigríoch ar Éirinn i 2016, le méadú dá réir ar an ioncam. Tháinig méadú freisin ar líon na ndaoine a chuaigh ar saoire sa bhaile agus ar an ioncam dá réir i 2016. Is léiriú é seo ar chomhiarrachtaí an Rialtais, na ngníomhaireachta turasóireachta agus an tionscail maidir le turasóireacht a fhás mar fhoinse tábhachtach fostaíochta agus ioncaim.

Leanann turasóireacht na hÉireann ag tógáil ar a claonchuar in aired le níos mó jabanna agus fás eacnamaíoch dá bharr. Leanfaidh an Rialtas ag obair ar na céimeanna atá riachtanach d'iomaíocht thionscal na turasóireachta faoi mar atá léirithe leis an ráta 9% CBL a bheith fós ann. Táim sásta, leis an gcomhoibriú leanúnach idir an tionscal agus na gníomhaireachtaí turasóireachta le neartú a dhéanamh ar an dtáirge turasóireachta agus feabhas a chur ar thaithí an turasóra, gur féidir linn feidhmiú go dearfach ar feadh na mblianta. Ní féidir linn a bheith réchúiseach áfach, agus is dúshlán suntasach don turasóireacht anois é an fás seo a choimeád i gcás éiginnteachtaí mar an Bhreatain ag fágáil an AE.

I gcúrsaí spóirt, fuarthas méadú €1.775m ar an gcistiú do Spórt Éireann do 2017 i 2016. Tacóidh an méadú seo le tionscnaimh ríthábhachtacha nua a sholáthar, ar a n-áirítear tacú le peil na mban agus imreoirí camógaíochta, le spórt a fhorbairt ag leibhéal áitiúil trí Oifigigh Fhorbartha a fhostú agus an Láthair Náisiúnta Faoi Dhíon a bheith ag feidhmiú.

Bhí na taispeántais ag na Cluicí Oilimpeacha agus Parailimpeacha i Rio thar barr. Sna Cluichí Oilimpeacha, bhain Éire 2 bhonn airgid amach i rámhaíocht agus i seoltóireacht. D'éirigh thar barr le Foireann na hÉireann sna Parailimpeacha, le 11 bonn á mbuachan sna spóirt lúthchleasaíochta, rothaíochta agus snámha. Léirigh na lúthchleasaithe go léir misneach agus diongbháilteacht iontach i gcaitheamh na gCluichí agus b'ambasadóirí spreagúla d'Éirinn iad.

Níl aon amhras ach go bhfuil dúshláin ag baint le feabhas a chur ar spórt a sholáthar, agus tabharfaidh an Creat Náisiúnta um Pholasaí i leith Spórt nua aghaidh orthu seo. Soláthróidh an polasaí seo creat do spórt in Éirinn go ceann deich mbliana. Seoladh Páipéar Comhairliúcháin Phoiblí don pholasaí i mí na Samhna, le deis á thabhairt do gach páirtí leasmhar cur lena fhorbairt. Tá sé mar aidhm againn go soláthródh an Creat nua barr feabhais do spórt na hÉireann sa todhchaí.

Brendan Griffin, TD

Aire Stáit Turasóireachta agus Spóirt

Réamhrá ag an Ard-Rúnaí

Tugtar sonraí inár dTuarascáil Bhliantúil ar na príomhréimsí gníomhaíochta i 2016 agus ar théarmaí tagartha na Roinne agus léirítear an dul chun cinn a déanadh maidir lenár gcuspóirí ardleibhéil a bhaint amach i ngach réimse earnála: Eitlíocht, Iompar ar Tír, Muirí, Turasóireacht agus Spórt. I mBealtaine 2016 chuireamar fáilte roimh Aire nua agus Aire Stáit nua agus foilsíodh ár Ráiteas Straitéise i dtreo dheireadh na bliana. Cé go bhfuil an Straitéis uaillmhianach, táim sásta gur féidir linn freastal ar a dúshláin sna blianta atá romhainn, le tiomantas leanúnach na foirne agus na bpáirtithe leasmhara.

Táimid ag obair go dlúth i gcónaí leis na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí stáit atá faoinár gcoimirce, le húdaráis áitiúla agus le ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais. Tá ról an-tábhachtach ag na páirtithe leasmhara seo maidir lenár misean agus ár gcuspóirí a sholáthar, agus léiríonn an dul chun cinn a dtugtar imlíne air sa tuarascáil seo ár ndlúth-chaidreamh leo, ar mhór againn é.

Léiríonn ar éirigh linn a bhaint amach i rith 2016 obair chrua agus tiomantas na foirne sa Roinn i gcaitheamh na bliana. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo, agus le mo chomhghleacaithe ar an mBord Bainistíochta, as a ndíograis leanúnach maidir lenár misean i gcaitheamh na bliana agus aghaidh á thabhairt againn ar ár gclár oibre don todhchaí.

Graham Doyle

Ard-Rúnaí

Súilfhéachaint ar staitisticí na Roinne

Sábháilteacht

- Bunaithe ar 2015, an bhliain is déanaí a bhfuil staitisticí ar fáil di, tá Éire, le 36 bás in aghaidh an mhilliúin, faoi bhun an Mheáin Náisiúnta Eorpach de 52 bás in aghaidh an mhilliúin. Fuair 188 duine bás ar bhóithre na hÉireann i 2016, ar mhéadú 16% é ar 2015.
- D'fhreagair Gardaí Cósta na hÉireann do 2,582 eachtra i 2016, ag cabhrú le 4,080 duine.
- D'fhoilsigh an tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí 19 tuairisc ar thimpiste aeir Náisiúnta, 7 dtuairisc ar thimpiste aeir Idirnáisiúnta, agus rinne 13 moladh maidir le sábháilteacht.
- D'fhoilsigh an tAonad um Imscrúdú Timpiste Iarnróid 3 thuarascáil imscrúdaithe agus d'eisigh 17 moladh nua maidir le sábháilteacht.

Iompar

- Infheistíocht de €339m i mbonneagar iompair phoiblí.
- Caiteachas caipitiúil de €290.1m ar bhóithre náisiúnta.
- Caiteachas de €39.1m ar chothabháil leanúnach bhóithre náisiúnta.
- Caiteachas de €375m ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla.
- Méadú 5% ar líon na bpaisinéirí i 3 chuideachta de chuid CIÉ.
- Os cionn 1.76m turas phaisinéara ar 242,000 seirbhís iompair maoinithe faoin gClár Iompair Tuaithe.
- Rinne rialtóirí aerthráchta agus oifigigh raidió na hÉireann os cionn 1.1m eitilt a bhainistiú go sábháilte agus go héifeachtach in aerspás atá faoi rialú na hÉireann, ar mhéadú 8.3% é ar 2015.
- Ba é 33m líon na bpaisinéirí a chuaigh trí Aerfoirt na hÉireann, ar mhéadú 10% é ar 2015.
- Fuarthas €1.051 billiún in ioncam ó mhótarcháin.
- Eisíodh 5m Diosca Mótarchánach, ar a n-áirítear 3.5m tríd an tseirbhís ar líne.
- Eisíodh 575,000 Ceadúnas Tiomána (ar a n-áirítear Ceadúnais Fhoghlaimeora)
- Eisíodh 1.2m Deimhniú Cláraithe Feithicle.
- Déanadh próiseáil ar 1.2m fógra maidir le hAthrú Úinéireachta.
- Eisíodh 417,000 Fógra maidir le Pointí Pionóis: 204,000 fógra maidir le droimscríobh Phointí Píonóis agus 213,000 fógra maidir le Pointí Pionóis a chealú.
- Rinne gníomhairí cúram custaiméirí Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe Feithiclí déileáil le 200,000 glaoch agus 60,000 r-phost.
- 18 tionscadal maoinithe faoin gClár Maoinithe Ghréasán Náisiúnta Raonta Rothar agus Pacáiste Spreagthaí Rialtais.
- Léirigh Comhaireamh Tródaim Chanála Chathair Átha Cliath méadú 11% ar líon na rothaithe ag trasnú an tródaim ó 10,893 i 2015 go dtí 12,089 i 2016.

- 9 dtionscadal maoinithe faoin gClár Maoinithe Taistil Bhaile Gníomhach; le 8 críochnaithe i 2016.
- 3 thionscadal faoin gClár Achair Thaispeána Taistil níos Cliste maoinithe agus críochnaithe.

Turasóireacht

- Tháinig 9.584m cuairteoir eachtrach go hÉirinn do 2016, ar mhéadú 10.9% é i gcomparáid leis an tréimhse céanna i 2015.
- Tháinig méadú 10.6% ar líon na gcuairteoirí ón mBreatain i 2016.
- Tháinig méadú 8.5% ar líon na gcuairteoirí ó Mhór-roinn na hEorpa i 2016.
- Tháinig méadú 19.4% ar líon na gcuairteoirí ó Mheiriceá Thuaidh i 2016.
- Tháinig méadú 2.2% ar líon na gcuairteoirí ó mhargaí i bhfad i gcéin i 2016.
- Ba é an tuilleamh iomlán (lasmuigh de tháillí) maidir le turasóireacht agus taisteal eachtrach do 2016 ná €4.577 billiún, ar mhéadú 8.8% é i gcomparáid le 2015.
- D'fhostaigh an earnáil chóiríochta agus bia 148,300 duine (coigeartaithe de réir séasúir) sa ráithe dheireanach de 2016, ar mhéadú 3.7% é ar an ráithe chéanna i 2015.

Spórt

- 54 mórbhonn, ar a n-áirítear 2 bhonn airgid sna Cluichí Oilimpeacha agus 11 bonn sna Cluichí Parailimpeacha, buaite ag imeachtaí spóirt Domhanda agus Eorpacha le tacaíocht ó Spórt Éireann.
- 1,036,000 cuairt ar an Ionad Náisiúnta Uisce, ar mhéadú os cionn 44,000 é ar 2015.
- Infheistíocht de €10.1m i spórt Ardghníomhaíochta, ar a n-áirítear €1.8m i ndeontais do scoth-lúthchleasaithe agus €8.3m do Choistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt, faoi gClár Ardghníomhaíochta.
- €7.4m do CLG, FAI agus IRFU le rannpháirtíocht dhaoine óga a mhéadú.
- €0.97m do Chlár na mBan i Spórt.
- Déanadh leithdháileadh foirmeálta de €30m ar Bhord Contae Chorcaí le hathfhorbairt a dhéanamh ar Pháirc Uí Chaoimh.
- Íocadh €40m tríd an gClár Caipitil Spóirt do thionscadail ar fud na tíre.
- Íocadh €4.3m i dtreo 18 tionscadal linne snámha.

Comhtháthú le polasaí níos leithne an Rialtais

Is minic a bhíonn ár misean agus ár spriocanna nasctha go dlúth le réimsí tábhachta eile de pholasaí an Rialtais, agus beidh tionchar buan ag mórán dár gcinntí maidir le caiteachas agus infheistíocht ar fhorbairt shochaíoch agus gheilleagrach. I 2016 leanamh ag comhoibriú le Ranna Rialtais eile, le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí iomchuí maidir le roinnt ceisteanna trasearnála.

Brexit

D'fhéadfadh Brexit an-drochthionchar a bheith aige ar an eacnamaíocht, ar iompar agus ar thurasóireacht agus mar thoradh ar sin tá an Bord Bainistíochta tar éis é a aithint mar phríomhriosca straitéiseach don Roinn. Mar fhreagra, táimid tar éis sinn féin a eagrú go hinmheánach le hanailís agus freagra comhtháite agus cuimsitheach a chinntiú maidir leis na rioscaí feídeartha agus aon deis a thiocfadh chun cinn a lorg freisin.

Bhunaigh an Rialtas roinnt grúpaí oibre earnála Brexit le comhairle príomhearnála nó téamach a sholáthar don Choiste Comh-Aireachta agus don Rialtas. Tá ionadaíocht ag an Roinn sa ghrúpa oibre d'Eacnamaíocht agus Trádáil, sa ghrúpa oibre do Chomhlimistéir Taistil agus sa ghrúpa oibre do Mhaoiniú Eorpach. Beidh ionadaíocht freisin againn i 2017 sa Ghrúpa Oibre Idir-Rannach Custaim agus Mál. Ina theannta sin, tá cathaoirleacht á dhéanamh againn ar fhoghrúpa turasóireachta agus ionadaíocht againn i bhfoghrúpa iompair agus eitlíochta.

Rinneamar teagmháil fhairsing le páirtithe leasmhara earnála i rith 2016 agus bhunaíomar fóraim pháirtithe leasmhara le féachaint ar impleachtaí earnála Brexit maidir le turasóireacht, muirí, eitlíocht agus tarlú bóthair/lastais.

Táimid fós i dteagmháil le hoifigigh na Roinne Eacnamaíochta i dTuaisceart Éireann ar cheisteanna turasóireachta agus leis an Roinne Bonneagair i dTuaisceart Éireann ar cheisteanna a iompair a bhaineann le Brexit.

Tá na Rannóga iomchuí laistigh den Roinn fós i dteagmháil le gníomhaireachtaí indibhidiúla agus le páirtithe leasmhara freisin ar cheisteanna ar leith a bhaineann le Brexit de réir mar a éiríonn said.

Comhoibriú Thuaidh/Theas

Is dhá réimse den chomhoibriú thuaidh/theas iad iompar agus turasóireacht atá aitheanta faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. I 2016, leanamar lenár gcaidreamh gníomhach le húdaráis Thuaisceart Éireann faoin gComhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT), le comhoibriú á chur chun cinn sa dá limistéar. Tá Turasóireacht Éireann ar cheann de na comhlachtaí Thuaidh/Theas a bunaíodh i ndiaidh Chomhaontú Aoine an Chéasta agus é mar phríomhfhócas ag an CATT sa phlé ar thurasóireacht. De bharr na dtoghchán sa dá dhlínse

bhí níos lú cruinnithe earnála ann i 2016. Tharla cruinniú den Earnáil Iompair ar an 12ú Nollaig, mar ar déanadh plé ar impleachtaí Reifrinn an RA, nuashonrú ar Mhaoiniú AE, tosaíochtaí straitéiseacha iompair, rothaíocht agus féarbhealaí trasteorann agus sábháilteacht úsáideoirí bóithre agus feithiclí.

Saoráid um Chónascadh na hEorpa an AE 2014-2020

I 2013, glacadh le Rialachán nua Saoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) 2013. Tá soláthar ann do mhaoiniú nó d'iasachtaí tosaíochta do thionscadail sna hearnálacha Iompair, Fuinnimh agus Teileachumarsáide leis an gcuspóir gach lúb ar lár i gcnámh droma fuinnimh, iompair agus digiteach na hEorpa a líonadh.

Déantar maoiniú an SCE a leithdháileadh faoi struchtúr 'Éilimh'. Is féidir le Ballstáit, eagraíochtaí idirnáisiúnta, gnóthais chomhpháirteacha, nó gnóthais phoiblí nó phríobháideacha etc. moltaí a chur isteach. Déanadh buiséad iomlán de €14. 9bn a leithdháileadh d'Iompar do Bhallstáit neamh-chomhtháthaithe, mar Éire, don tréimhse 2014-2020. Déanfar cistí an SCE a bhronnadh den chuid is mó i bhfoirm deontais dhíreach le comh-mhaoiniú a dhéanamh ar thionscadail incháilithe nó trí ionstraimí airgeadais. Beidh leibhéal an chomh-mhaoinithe ag brath ar nádúr na dtionscadal ó 10% suas go dtí 50%.

Bhí 5 éileamh ann go dtí seo ar a n-áirítear 2 i 2016. D'éirigh le heagraíochtaí Éireannacha ina n-iarratais mar a raibh os cionn €75m (le os cionn 14m i 2016) i gceist de chomh-mhaoiniú AE do thionscadail ar a n-áirítear iarnród, calafort, Iompar Cliste, Mótarbhealaí na Farraige, Taighde ar Bhainistíocht Tráchta Aerspáis Eorpach Aonair (TBTAE) agus tionscadal nuálaíochta maidir le breosla ionadúil.

Athrú Aeráide agus Breosla Ionadúil don Earnáil Iompair

Maolú

Leagann an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbartha Ísealcharbóin oibleagáidí reachtúla amach maidir le Plean Náisiúnta Maolaithe Ísealcharbóin a fhorbairt. Déanfaidh an Plean cuimsiú ar ionchur earnála ó thalmhaíocht, an timpeallacht tógtha, fuinneamh agus iompar agus cuirfidh sé ar chumas na hÉireann cur go héifeachtach agus go cothrom le hastaíochtaí carbóin a laghdú. Déanadh cuid mhór oibre le linn 2016 maidir le hionchur na hearnála iompair sa Phlean a fhorbairt.

Léiríonn réimse na gcéimeanna ar féachadh orthu mar chuid den phróiseas an gá le cur chuige ilghnéitheach maidir le hastaíochtaí in iompar a laghdú. Tá gá le fócas ar leith ar aistriú córa iompair, go háirithe i suíomhanna oiriúnacha uirbeacha, agus tacú le haistriú na n-earnálacha chuig breosla ionadúil nuair a bhíonn sé cost-éifeachtúil sin a dhéanamh.

Nuair a bhíonn comhordú déanta ar ionchur gach earnála, beidh dréacht ar fáil do chomhairliúchán fairsing poiblí sula gcuirtear faoi bhráid an Rialtais é le faomhadh i 2017.

Oiriúnú

Cruthaíonn athrú aeráide leochaileacht nua agus déanann sé pé leochaileacht a bhíonn ann níos measa. Tá polasaí uileghabhálach le seasmhacht a ghlacadh in aghaidh na dtionchar a bhaineann le hathrú aeráide á threorú ag Coimisiún an AE trí Straitéis Oiriúnaithe an AE, ar glacadh léi in Aibreán 2013. Cuirfear Creat Gníomhaíochta um Oiriúnú nua reachtúil i bhfeidhm faoi dheireadh 2017 in ionad Creat Gníomhaíochta Náisiúnta um Oiriúnú d'Athrú Aeráide 2012. Ceapadh próiseas forbartha an Chreata le fócas pholasaí straitéiseach a thabhairt chuig oiriúnú maidir le hathrú aeráide ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon trí phleananna gníomhaíochta um oiriúnú earnála agus áitiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Laistigh den chomhthéacs seo, tá forbairt á dhéanamh againn ar chur chuige Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide don earnáil iompair. Is é cuspóir na céime reatha roghanna oiriúnaithe a aithint, a chabhródh le bonneagar agus seirbhísí iompair a threisiú in aghaidh tionchar athrú aeráide suas go dtí 2050. Foilsíodh torthaí na hoibre go dtí seo "Adaptation Planning - Developing resilience to climate change in the Irish Transport Sector" do chomhairliúchán poiblí i mí na Nollag 2016.

Breosla Ionadúil

In éineacht leis an Roinn Cumarsáide, um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil, rinneamar dul chun cinn suntasach i rith 2016 ar Chreat an Pholasaí Náisiúnta (CPN) a fhorbairt le tacú le breosla ionadúil a úsáid d'iompar in Éirinn ag éirí as na hoibleagáidí a bhaineann le Treoir 2014/94/AE.

Éilíonn an Treoir ar na Ballstáit glacadh le CPNanna, agus iad a fhoilsiú, a thacódh le bonneagar athbhreoslaithe, caighdeáin chomhchoitinne teicniúla agus eolas oiriúnach do thomhaltóirí/d'úsáideoirí.

Tacaíodh le forbairt an Chreata leis an togra Strategic Environmental Assessment agus Appropriate Assessment.

Sa bhreis ar an bpáirtí leasmhar níos luaithe consultation on the development of the NPF a tionóladh idir Meán Fómhair agus Samhain 2015, tionóladh an dara céim den chomhairliúchán ar fhorbairt an Framework i 2016 agus táthar ag féachaint ar aighneachtaí faoi láthair. Beidh an Creat críochnaithe i 2017 agus na rialacháin a bhaineann leis déanta, ag aistriú Threoir 2014/94/AE dá réir.

Córais Chliste Iompair

Cuimsíonn Córais Chliste Iompair (CCI) feidhmiú agus comhtháthú ardchumarsáide bunaithe ar theicneolaíochtaí iompair. Tá bonn an-leathan faoi CCI agus is cumasóir atá ann a cheadaíonn d'oibreoirí iompair pleanáil, dearadh, oibriú, cothabháil agus bainistiú níos fearr a dhéanamh ar chórais iompair. Is féidir ár bhfócas reatha ar CCI a chomhroinnt i réimsí éagsúla, a dtugtar imlíne thíos orthu.

Straitéis CCI
Táthar ag leanúint le dréachtú Straitéise Náisiúnta CCI d'Éirinn. Mar sin féin, de bharr forbairtí san AE, déanadh cinneadh an comhairliúchán poiblí a bhí beartaithe do 2016 a chur ar athló. Feictear go n-áireoidh an dréacht-straitéis deireanach forbairtí i réimse CCI Comhoibríoch atá á dtabhairt chun críche ag an AE i láthair na huaire.

Treoir CCI an AE
Táimid féin, in éineacht lenár ngníomhaireachtaí, gafa go hiomlán le Coimisiún na hEorpa ar cheisteanna CCI, agus go háirithe ar fhorbairt na rialachán tarmligthe faoi Threoir CCI (2010/40/AE) sna réimsí a bhaineann le faisnéis fíor-ama tráchta agus pleanálaí turais ilmhódach ar fud an AE.

Seirbhís Ríomhbhailiúcháin Dolaí na hEorpa
Tá Coimisiún an AE ag obair ar reachtaíocht leasaithe an AE maidir le Seirbhís Ríomhbhailiúcháin Dolaí na hEorpa (SRDE). Rinne an Coimisiún comhairliúchán poiblí a reáchtáil ar fud an AE i rith 2016 agus déanfar na torthaí a bhí ar sin a chomhtháthú in aon chéimeanna nua a fholfadh Coimisiún an AE.

Glao Éigeandála
Cuireadh ullmhúchán na seirbhíse eCall, ar sheirbhís ríomhglaonna éigeandála infheithicle í, chun cinn i rith 2016. Baineann cuid den ullmhúchán sin le huasghrádú ar an Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Beidh eCall éigeantach i ngach carr nua a dhéantar ón 30ú Márta 2018.

Córais Chliste Iompair atá Comhoibríoch (CCI-C)
Leagann Forógra Amsterdam, a foilsíodh ar an 15ú Aibreán 2016, amach na gníomhaíochtaí ginearálta a chaithfidh na Ballstáit a dhéanamh le hullmhú d'fheithiclí uathrialaitheacha a thabhairt isteach san AE.

D'fhoilsigh Coimisiún an AE Treochlár don Eoraip ar CCI-C (m.sh. ceadú d'fheithiclí a bheith ag cumarsáid le chéile agus le bonneagar bhóthair ar mhaithe le níos mó éifeachtúlachta iompair agus níos mó sábháilteachta). Tá an Treochlár i Straitéis na hEorpa ar Chórais Chliste Iompair atá Comhoibríoch a foilsíodh ar an 30ú Samhain 2016. Tógfaidh forbairt na Straitéise CCI Náisiúnta na tionscnaimh seo de chuid Choimisiún an AE san áireamh ina torthaí chomh maith le haon togra reachtach a mholfadh an Coimisiún de chionn a Straitéise CCI-C.

Tiomáint Uathrialaitheach
Áiríonn tiomáint uathrialaitheach gach tionscnamh ar CCI-C. Tá méideanna éagsúla cúnaimh tiomána ann ó luasrialú ar aghaidh agus ag áireamh fheithiclí atá uathrialaitheach go hiomlán nach n-éilíonn aon ionchur ó thiománaí. Tá an Aontas Eorpach i mbun straitéise faoi láthair maidir le tiomáint naschta agus uathrialaitheach a thabhairt isteach de réir a chéile. Táimid ag féachaint go gníomhach faoi láthair ar na roghanna atá á bhforbairt ag

leibhéal na hÉireann agus an AE. Tá cur chun cinn á dhéanamh in Éirinn cheana féin ar chuid de na forbairtí bonneagair atá riachtanach chuige.

Tionscadail Thaighde

Tá Éire ag glacadh páirt i dtionscadal píolótach le hOllscoil Mhá Nuad le forbairt a dhéanamh ar bhogearraí ar féidir leo bunachar sonraí ar thréithe bhóithre a chuardach maidir le hathruithe ar shonraí na dtréithe sin. Cabhróidh an tionscadal seo le hÉire freastal ar a hoibleagáidí faoi Rialacháin CCI AE maidirle heolas Tráchta Fíor Ama a sholáthar. Ar deireadh cuirfear an t-eolas eo in iúl do thiománaithe agus ba chóir go gcuirfeadh sin feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre agus go ndéanfaí gluaiseacht tráchta a éascú.

Aonad Measúnaithe Eacnamaíochta agus Airgeadais

Leanann ár nAonad Measúnaithe Eacnamaíochta agus Airgeadais (AMEA) le bheith mar fhoinse anailíseach agus taighde le tacú lenár Rannóga agus ár nGníomhaireachtaí, a thacaíonn dá réir le tiomantas an Rialtais maidir le ceapadh beartais ar bhonn fianaise. Déanann an tAonad taighde agus anailís, scaipeadh ar thorthaí na taighde agus déanann moltaí ar bhonn fianaise maidir le polasaí. Baineann a phríomhobair le hanailís eacnamaíoch, breithmheas ar chaiteachas, measúnú, anailís airgeadais agus bainistíocht agus úsáid sonraí. Ar na buaicphointí ar leith i 2016 áirítear:

- Creat Nua Breithmheasa Comhchoiteann (CBC) d'Iompar foilsithe;
- Athbhreithniú ar Luach ar Airgead an chaiteachais reatha ar Chothabháil Bóithre Náisiúnta foilsithe;
- Measúnú Eatramhach ar chlár na Limistéar Taistil níos Cliste foilsithe;
- 'Treochtaí Iompair' 2016 foilsithe;
- Cuireadh tús le hAthbhreithniú ar Luach ar Airgead an Chláir Tástála Tiomána;
- Críochnaíodh Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta don Roinn mar ar déanadh measúnú ar an leibhéal comhlíontachta leis an gCód Caiteachais Phoiblí;
- Tacaíodh le Rannóga athbhreithniú a dhéanamh ar ráitis airgeadais bhliantúla agus eatramhacha na ngníomhaireachta le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, staid airgeadais agus ar chomhlíontacht maidir leis na gnéithe um thuairisciú airgeadais atá sa Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit;
- Tugadh comhairle do rannóga ar cheisteanna airgeadais/cuntasaíochta a d'éirigh i ngníomhaireachtaí mar cheisteanna ar an staid airgeadais, iasachtaí, éadálacha agus athbhreithniú ar phleananna straitéiseacha agus gnó; agus
- Department of Transport, Tourism and Sport Data Strategy 2017-2019 críochnaithe agus foilsithe go luath i 2017.

Pleanáil Éigeandála

Tá ionadaíocht ag an Roinn ar Thascfhórsa an Rialtais um Pleanáil Éigeandála agus ar an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta a dhéananna maoirseacht ar an gCreat Bainistíochta Móréigeandála. Is sinne an Treoir-Roinn Rialtais maidir le héigeandálaí iompair agus tugtar

tacaíocht do Threoir-Ranna eile maidir le héigeandálaí a mbíonn tionchar acu ar thaisteal agus iompar m.sh. an-drochaimsir.

Bhíomar rannpháirteach i roinnt chleachtaí pleanála éigeandála i rith 2016 agus táimid ag obair go dlúth i gcónaí leis an Oifig Pleanála Éigeandála ar réimse ceisteanna pleanála éigeandála ar a n-áirítear nuashonrú ar an gClár Náisiúnta Rioscaí.

Eitlíocht

Sprioc ardleibhéil **uasmhéadú a dhéanamh ar nascacht iompair aeir le hearnáil eitlíochta atá sábháilte, iomaíoch, cost-éifeachtúil agus inbhuanaithe**

Tá sé mar aidhm ag ár straitéis eitlíochta cur chun cinn a dhéanamh ar sheirbhísí aeir atá rialta, sábháilte, cost-éifeachtúil agus iomaíoch ag nascadh na tíre le príomh-mhargaí gnó agus turasóireachta. Is cuid thábhachtach den fhorbairt leanúnach ar an margadh aeriompair ná an t-idirbheartaíocht maidir le comhaontuithe aeriompair liobrálach, ag leibhéil náisiúnta agus AE araon, d'fhonn srianta rialála a bhaint as maidir le seirbhísí nua aeir.

Polasaí Náisiúnta Eitlíochta d'Éirinn

Foilsíodh National Aviation Policy (NAP) i mí Lúnasa 2015. Tá an-dul chun cinn déantar ar na gníomhaíochtaí atá sa pholasaí ar fud gach caibidil. Foilsíodh 1st Progress Report to the National Civil Aviation Development F forum (NCADF) ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Polasaí i mí na Samhna 2016.

Maidir le forbairtí seachtracha a mbeadh tionchar acu ar an bpolasaí, ba é cinneadh an RA tarraingt as an Aontas Eorpach (Brexit) an ní is suntasaí a tharla ó foilsíodh an polasaí, le hacmhainneacht drochthionchar substaintiúil a bheith aige ar earnáil eitlíochta na hÉireann agus ar gheilleagar na hÉireann araon.

Táimid rannpháirteach ar phríomhcheisteanna trí choiste idirnáisiúnta a bunaíodh laistigh de Chreat um Theagmhas Brexit an Rialtais agus i gcomhairliúchán leis an earnáil. Áirítear orthu seo an Comhlimistéar Taistil, riocht an RA sa todhchaí laistigh de Limistéar Eitlíochta Aonair na hEorpa agus todhchaí Bhloc Feidhme Aerspáis na hÉireann-RA.

Ceann de na téamaí a cuireadh in iúl go leanúnach sa phróiseas comhairliúcháin as ar déanadh an NAP a fhorbairt ná an gá atá le comhoibriú níos fearr ar fud na hearnála. Rinne an tAire an NCADF a sheoladh i mí Feabhra 2016. Tá sé mar aidhm aige leas a bhaint as saineolas comhchoiteann na bpríomhpháirtithe leasmhara sa tionscal go mbeadh Éire ar an tír is iomaíche d'eitlíocht ar fud an domhain.

Tá na Grúpaí Oibre a bunaíodh faoin bhFóram, in achar gear, tar éis forbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí molta a chuirfear faoi bhráid an Rialtais go luath i 2017 le tacaíocht níos forleithne a chruthú don earnáil.

Tá an tionscadal le dul ar aghaidh leis an dara rúidbhealach comhthreomhar á thógáil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Tá seo ag teacht leis an aidhm maidir le feabhas a chur ar nascacht na hÉireann, agus glacann sé céimeanna straitéiseacha le hacmhainn imleor a chinntiú don mhéadú ar éileamh aerthráchta.

D'fhonn forbairt fhadtréimhseach na nAerfort Stáit a chinntiú, rinneamar iarratais ar thairiscintí a fhoilsiú do chomhairleoirí le hathbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais acmhainne Aerfoirt Stáit na hÉireann sa todhchaí. Féachfaidh an t-athbhreithniú ar fhorbairt dn dtrí Aerfort Stáit go dtí 2050 agus iarrfar ar na comhairleoirí freisin an bonneagar nua a mbeidh gá leis sna blianta atá romhainn a aithint agus tosaíocht a thabhairt dó. I gcás Aerfort Bhaile Átha Cliath amháin, táthar ag súil leis go molfaidh an staidéar fráma ama maidir le hacmhainn chríochfoirt nua – Críochfort 3 – a fhorbairt, in éineacht le dearadh oiriúnach agus láthair optamach.

D'fhógair an tAire reachtaíocht atá ar na bacáin le feidhm a thabhairt do Rialachán 598/2014 ón AE ar bhainistíocht torainn ag aerfoirt, a bheidh mar chuid de na socruithe nua faoina mbeidh an dara rúidbhealach nua ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ag feidhmiú. Bunóidh an réim rialála nua, i measc chéimeanna eile, údarás inniúil neamhspleách, ról a ghlacfaidh Údarás Eitlíochta na hÉireann chuige féin, le déileáil le ceisteanna a bhaineann le torann aerfoirt.

Sa chomhthéacs idirnáisiúnta, toghadh Éire ar Chomhairle an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) don tréimhse 2016-2019 ag 39ú Comhthionól EESI. Tionóladh é seo ón 27ú Meán Fómhair go dtí 7ú Deireadh Fómhair 2016 ag ceanncheathrú EESI i Montreal, Ceanada. Tá Comhairle EESI ar cheann den dá chomhlacht rialaithe ar EESI agus is iad a phríomhdhualgais ná Caighdeáin agus Cleachtais Mholta (CCM) idirnáisiúnta a ghlacadh agus iad a chuimsiú mar Aguisíní le Coinbhinsiún Chicago.

Thangthas ar chomhaontú ar scéim dhomhanda maidir le hastaíochtaí eitlíochta in EESI ar an 6ú Deireadh Fómhair 2016. Tá Éire, mar chuid den Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta a bhfuil 44 ball inti, tar éis dearbhú a thabhairt go ndéanfar cloí leis an scéim idirnáisiúnta ón gcéad chéim feidhmiúcháin .i. ó 2021.

Leagann an NAP síos freisin an gá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an réim rialála do tháillí aerfoirt atá ann ó 2001 i leith. I 2015, cheapamar Indecon Economic Consultants d'fhonn tabhairt faoin athbhreithniú seo agus críochnaíodh a dtuarascáil i mí na Nollag 2015. Bhain próiseas comhairliúcháin leis an athbhreithniú neamhspleásh sin i 2016. Táimid ag féachaint ar fhreagraí ar an gcomhairliúchán poiblí d'fhonn bailchríoch a chur ar pholasaí maidir leis an réim rialála i dtaca le táillí aerfoirt. Déanfar pé athrú reachtaíochta a mbíonn gá leo sa chomhthéacs seo.

Táimid tiomanta, san NAP, buneolas staitisticiúil a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin, ar a n-áirítear líon na bpaisinéirí, lastas a iompraítear agus gluaiseachtaí tráchtála aerfoirt. Tá an t-eolas sin ar fáil anois ar ár suíomh gréasáin maidir le hAerfoirt Stáit agus Réigiúnacha agus déanfar nuashonrú air ar bhonn ráithiúil.

Clár agus Coiste Slándála Náisiúnta um Eitlíocht Shibhialta

Leagann an Clár Slándála Náisiúnta um Eitlíocht Shibhialta amach na riachtanais slándáls eitlíochta Náisiúnta agus Idirnáisiúnta d'éitlíocht shibhialta sa Stát. Rinneamar athbhreithniú ar an gClár i 2016, i gcomhar leis an tionscal rialaithe agus leis an gCoiste Slándála Náisiúnta um Eitlíocht Shibhialta.

Bunaíodh an Coiste Slándála Náisiúnta um Eitlíocht Shibhialta, a bhfuil an Roinn mar chathaoirleach air, le comhordú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an Chláir Náisiúnta do shlándáil eitlíochta sibhialta. Is é atá sa Choiste ná ionadaithe ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí ábhartha; earnálacha thionscal na heitlíochta; agus, Údarás Eitlíochta na hÉireann. Tháinig an Coiste iomlánach le chéile ar dhá ócáid i 2016, le roinnt chruinnithe dírithe ar thopaic a tionóladh ar dhul chun cinn oibre an Choiste i 2016.

An Coiste um Éascú Eitlíochta Náisiúnta

Tionóladh dhá chruinniú den Choiste um Éascú Eitlíochta Náisiúnta (FAL) i 2016 le gach Roinn Rialtais agus Gníomhaireacht ábhartha. Bhí ionadaíocht freisin ag aerfoirt réigiúnach agus ag oibreoirí aerárthaigh idirnáisiúnta atá lonnaithe anseo. Is í príomhaidhm an Choiste fóram a sholáthar do cheisteanna a bhíonn le plé ag an earnáil eitlíochta agus bealaí a aimsiú le haghaidh a thabhairt orthu le feabhas a chur ar thaithí an phaisinéara, chomh maith lena chinntiú go gcomhlíontar Aguisín 9 de Choinbhinsiún Chicago a ndéanann an EESI monatóireacht air.

Aerfoirt Réigiúnacha

Rinne Coimisiún an AE faomhadh ar Chlár reath na nAerfort Réigiúnach ag clúdach na tréimhse 2015 go dtí 2019 i mí Lúnasa 2015. Ní mór do thacaíocht mhaoinithe d'aerfoirt réigiúnacha a bheith de réir Threoirlínte 2014 an AE maidir le Státchabhair d'aerfoirt agus d'aerlínte. Soláthraíonn an Clár tacaíocht spriocdhírithe sna réimsí sábháilteachta agus slándála d'infheistíochtaí caipitiúla agus costais oibríochtúla do na ceithre aerfort réigiúnach i gCiarraí, Dún na nGall, Port Láirge agus Aerfort Iarthair na hÉireann i gCnoc Mhuire.

Ba é an tacaíocht a soláthraíodh ón státchiste i 2016 do na ceithre arefort réigiúnach i nDún na nGall, Ciarraí, Port Láirge agus Aerfort Iarthair na hÉireann i gCnoc Mhuire ná timpeall €5.7m, ar bhain €2.97m de le tacaíochtaí oibriúcháin agus €2.75m le cúnamh deontas caipitil.

I ndiaidh chomórtais tairisceana poiblí agus de réir Rialacháin 1008/2008 an AE, tosaíodh ar chonradh nua do sheirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) idir Ciarraí agus Baile Átha Cliath agus idir Dún na nGall agus Baile Átha Cliath ar an 1ú Feabhra 2015. Faoi mar atá i bhforaíl sa chonradh, déanadh athbhreithniú i 2016 ar fheidhmíocht oibreora an dá bhealach seo. Ina dhiaidh seo cuireadh leis an gconradh don tríú bliain, ón 1ú Feabhra 2017 go dtí 31ú Eanáir 2018. Íocadh fóirdheontas de €7. 58m ón státchiste le hoibreoir an dá bhealach OSP seo i 2016.

Rialachán Sábháilteachta an AE

I mí na Nollag 2015 d'fhoilsigh Coimisiún na hEorpa moladh maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchointeanna i réimse na heitlíochta siabhialta agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (GESE) a bhunú. Foilsíodh an togra seo mar chuid de Straitéis Eitlíochta an AE, agus rinne sé aisghairm, agus tháinig sé in ionad Rialachán na gComhphobal Eorpach maidir le Sábháilteacht Uimh 216/2008.

Is é bunchuspóir an togra go mbeadh rialachán sábháilteacht níos fearr ann agus é laistigh de chomhthéacs Straitéise Eitlíochta an AE. Déantar iarracht sa togra creat rialála sábháilteachta eitlíochta an AE a ullmhú do na dúshláin a bheidh ann go ceann deich nó cúig bliana déag, agus leanúint le haeriompar slán, sábháilte agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a chinntiú, i bhfianaise dul chun cinn teicneolaíochta, mar shampla, comhtháthú sábháilte ar earnáil aerárthaí gan foireann atá ag méadú go tapaidh.

Léirigh torthaí mheasúnachta tionchair an AE go bhfuil caighdeáin an-ard sábháilteachta eitlíochta ag an AE. Léirigh sé freisin gur féidir an caighdeán ard céanna a bhaint amach maidir le sábháilteacht agus rialachán sábháilteachta trí mhodh rialála nach bhfuil chomh forordaitheach, a bheadh níos freagrúla do riachtanais an tionscail agus níos éifeachtaí don rialálaí. Agus aghaidh á thabhairt ar dhúshláin chuid de na húdaráis náisiúnta maidir leis an deimhniú agus an mhaoirseacht atá riachtanach a choimeád, tá soláthar sa togra do mheicníocht le hacmhainní a roinnt agus d'aistriú freagrachta idir údaráis náisiúnta agus GESE ar bhonn deonach.

Rinneamar comhairliúchán poiblí ar an togra i 2016 agus táimid rannpháirteach i bplé ar an togra le Meitheal Oibre Eitlíochta an AE, a thosaigh i mí Eanáir 2016. Chuir Uachtaránacht an AE chuige ginearálta aontaithe maidir leis an togra faoi bhráid na Comhairle i mí na Nollag 2016.

Aerspás Eorpach Aonair

Tá an sprioc a bhaineann le hAerspás Eorpach Aonair (AEA) a chruthú faoi réir ag sraith Rialachán AE a aontaíodh i 2004 agus i 2009. Déanadh tuilleadh forbartha i 2016 ag leibhéal an AE maidir le feabhas a chur ar an gcreat rialála AEA reatha. Is é príomhchuspóir an chreata laghdú a dhéanamh ar ilroinnt Bainistíochta Aerthráchta (BAT) agus acmhainn aerspáis na hEorpa a mhéadú d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht, sábháilteacht agus éifeachtúlacht costais.

Tosaíodh ar idirbheartaíocht laistigh de chreat an Choiste um Aerspás Aonair i 2016 ar spriocanna feidhmíochta nua faoi Thréimhse Tagartha a Trí (RP3) faoi mar a thugtar air (.i. tréimhse cúib bliana mar a mbeadh na chéad spriocanna eile le baint amach ó 2020). Is iad na Scéimeanna Feidhmíochta agus Muirir na hionstraimí rialála as a mbaineann Coimisiún na

hEorpa feidhmíocht BAT i gcomhar leis na Ballstáit, a gComhlachtaí Náisiúnta Maoirseachta (CNM), agus páirtithe leasmhara oibríochtúla.

Leagann na Scéimeanna síos spriocanna ceangailteacha do Bhallstáit maidir le seirbhísí aerloingseoireachta tiomáinte ag feidhmíocht a sholáthar as a dtiocfadh eitiltí níos saoire, níos lú moille, agus costais neamhriachtanacha a shábháil d'aerlínte agus do phaisinéirí. Ina theannta sin, dhéanfaí tionchar timpeallachta aerthráchta a laghdú de bharr ruthag eitilte a bheith níos éifeachtaí agus níos giorra.

Lean an Roinn agus an IAA ag obair go dlúth leis an RA i rith 2016 le comhoibriú a chur chun cinn i mbainistíocht arespáis faoi Bhloc Feidhme Aerspáis (BFA) an RA/na hÉireann, a chuimsíonn arespás na hÉireann agus an RA araon. Is é BFA an RA-na hÉireann tairseach trasatlantach na hEorpa agus tá tábhacht straitéiseach leis maidir le coththáthú aerspáis ar fud na hEorpa (téann 90% de thrácht an Atlantaigh Thuaidh trí aerspás na hÉireann nó an RA). Níl BFA ar bith eile a bhfuil ról dá leithéid aige ar an scála seo. Sa tréimhse ó bunaíodh é, tá an BFA tar éis sábháil suntasach airgid a sholáthar do chustaiméirí aerlínte de chionn laghdú ar úsáid bhreosla agus laghdú dá réir ar astaíochtaí CO2. Tá an sábháil charnach a bheadh cumasaithe sa tréimhse go dtí 2020 measta ag beagnach €350m.

Tá níos mó aitheantais á thabhairt don tábhacht a bhaineann le tionchar na heitlíochta ar an timpeallacht a laghdú. Tugann Éire tacaíocht láidir do chás fáis neodrach ó thaobh carbóin de don earnáil eitlíochta agus tá iarrachtaí ar bun ag leibhéal domhanda ag ICAO le freagra comhordaithe a chur i bhfeidhm ar fud an domhain. Chuige sin, i 2016 d'fhoilsíomar Plean Gníomhaíochta Stáit maidir le hastaíochtaí CO2 a laghdú. Is ball í Éire den Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta (CEES). Is eagraíocht idir-rialtasach í CEES a chlúdaíonn an grúpa is leithne de Bhallstáit d'aon eagraíocht Eorpach a bhíonn ag déileáil le heitlíocht shibhialta. Tá 44 Ballstát ann faoi láthair, agus cruthaíodh é i 1955.

Tá Stáit CESS den tuairim go bhféadfadh sriantacht a bheith ar fhorbairt na hearnála eitlíochta sa todhchaí de bharr cheisteanna comhshaoil. Tacaíonn siad go hiomlán le hiarrachtaí leanúnacha ICAO aghaidh a thabhairt ar réimse iomlán na gceisteanna seo, ar a n-áirítear an príomhdhúshlán straitéiseach a bhaineann le hathrú aeráide, maidir le forbairt inbhuanaithe aerthaistil idirnáisiúnta.

Tá Éire, faoi mar atá gach ceann de 44 Stát CESS, tiomanta go hiomlán agus rannpháirteach sa troid in aghaidh athrú aeráide, agus í ag obair i dtreo chórais iompair ilmhódach, iomaíoch agus inbhuanaithe a bheadh tíosach ar acmhainní. Tá Éire lántiomanta freisin do chomhaontú Chomhdháil Pháras (COP21) a bhfuil ceangal de réir dlí ag baint leis, a bhfuil sé mar aidhm aige téamh domhanda a choimeád go maith faoi bhun na tairsí criticiúil, de réir fhormhór na n-eolaithe, de 2 chéim Celsius.

I moltaí ICAO maidir le scéim scéim Chéime Domhanda Margadh-Bhunaithe, iarrtar ar Bhallstáit aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí CO2 ó eitlíocht idirnáisiúnta trí dhul chun cinn maidir le teicneolaíocht aerárthaí, feabhas oibríochtúil agus malairt inbhuanaithe breosla a chinntiú, atá le feiceáil sna Pleananna Gníomhaíochta Stáit.

Comhaontuithe Aeriompair

Príomh-chomhpháirt de pholasaí eitlíochta seachtrach an AE is ea Comhlimistéar Eitlíochta na nEorpa níos leithne a fhorbairt trí thíortha in aice láimhe a chuimsiú. Chuige seo déanadh roinnt comhaontuithe aeriompair trí idirbheartaíocht idir an AE agus mórán tíortha agus réigiúin in aice láimhe le blianta beaga anuas.

I ndiaidh idirbheartaíochta na gcomhaontuithe um Aerspás Oscailte le SAM agus Ceanada, tá príomhfhócas an AE anois ar idirbheartaíocht agus bailchríoch a chur le comhaontuithe eitlíochta leis na príomh-mhargaí atá ag teacht chun cinn mar an Bhrasaíl, Comhlachas Náisiúnta na hÁise Thoir Theas (CNÁTT), stáit Chomhairle um Chomhar na Murascaille, an tSín in éineacht leis na Stáit in aice láimhe. I rith 2016 bhí údarás ag Coimisiún an AE idirbheartaíocht a thionscnamh ar shocruithe cuimsitheacha aerthaistil an AE le Ballstáit CNÁTT, an Tuirc, Catar agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (AÉA). Tugann Éire tacaíocht iomlán d'iarrachtaí an AE sa réimse seo agus i 2016 thug Éire tacaíocht do chinneadh na Comhairle na sainorduithe breise a thabhairt.

In éineacht le Comhaontuithe an AE, tá céimeanna á nglacadh i gcónaí againn le feabhas a chur ar chomhchaidreamh déthaobhach eitlíochta le margaí atá ag teacht chun cinn agus i 2016 socraíodh Meabhrán Tuisceana nua leis an tSín, le tuilleadh solúbthachta agus soiléire á sholáthar ar roinnt cheisteanna oibriúcháin.

Trácht Paisinéirí Aerfoirt

Bhí fás láidir trí chéile ar aerthrácht i 2016 le beagnach 33m duine ag úsáid ár n-aerfoirt, ar mhéadú breis agus 10% é ar 2015. Tharla formhór an fháis seo ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhain taifead nua de beagnach 28m paisinéir amach, ar mhéadú 11. 41% é ar 2015. Tháinig méadú 2% ar líon na bpaisinéirí ag Aerfort na Sionainne go dtí os coinn 1. 74m, agus mhéadaigh líon na bpaisinéirí ag Aerfort Chorcaí 7. 69% go dtí díreach os cionn 2. 23m. Tháinig díreach os cionn 1.1m paisinéir tríd na ceithre aerfort réigiúnach i nDún na nGall, Ciarraí, Port Láirge agus Aerfort Iarthair na hÉireann i gCnoc Mhuire (AIÉCM), beagnach mar a chéile le 2015. Níl aon aersheirbhís sceidealaithe faoi láthair ag feidhmiú amach as Aerfort Phort Láirge tar éis don aerlíne VLM tarraingt as i Meitheamh 2016.[1]

- Baile Átha Cliath + 11.4 (27.9m)
- An tSionainn + 2% (1.74m)
- Corcaigh + 7.7% (2.23m)
- Dún na nGall + 20.8 (44,156)
- Ciarraí + 6.1% (325,670)
- Port Láirge - 57.3% (15,171)
- AIÉCM + 7.1 (734,031)

[1] *Tabhair faoi deara le do thoil gurb iad na hAerfoirt a sholáthraíonn na figiúirí seo agus go ndéanfar iniúchóireacht orthu i 2017 agus go mb'fhéidir go mbeidh athrú orthu.*

An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí

Fuarthas agus déanadh measúnú ar 17,123 Tuarascáil Éigeantach Tarluithe (TÉT) i 2016, ar tháinig 88 acu laistigh de shainchúram imscrúdaitheach an Aonaid um Imscrúdú Aerthionóiscí (AIAT). Le tosaíocht tugtha d'imscrúdú agus do thuairisciú na dtionóiscí agus na dteagmhas tromchúiseach, déanadh imscrúdú ar 25 tarluithe i 2016. Ba imscrúduithe náisiúnta 15 acu seo agus imscrúdúithe iasachta 10 gcinn maidir le aerárthaí cláraithe/oibrithe in Éirinn thar lear.

Maidir leis na tarluithe thar lear, sholáthair an AIAT cúnamh do na himscrúdaitheoirí seo trí 10 Ionadaí Creidiúnaithe a cheapadh. Leanann an AIAT le tacaíocht a thabhairt d'údaráis na hÉigipte ina n-imscrúdú ar Thimpiste Aerbhus A321, EI-ETJ, a bhí Cláraithe in Éirinn, a tharla i Leithinis Shíonáí, san Éigipt ar an 31ú Deireadh Fómhair 2015, mar ar cailleadh 224 duine.

Fuair beirt bás in dhá thimpiste éagsúil Eitlíochta Ginearálta in Éirinn i 2016.

Tugann an tábla seo a leanas mionsonraí ar iomlán na dtarluithe agus na mbásanna náisiúnta agus idirnáisiúnta a thaifead an AIAT i 2016.

	Timpistí	**Teagmhais Thromchúiseacha**	**Teagmhais**	**Iomlán**	**Básanna**
Náisiúnta	8	7	41	56	2
Idirnáisiúnta	1	9	22	32	
Iomlán	9	16	63	88	2

Foilsíodh 26 Tuarascáil ar fad, 19 náisiúnta agus 7 idirnáisiúnta, ar shuíomh gréasáin an Aonaid www.aaiu.ie agus d'eisigh an AIAT 13 moladh sábháilteachta i 2016.

Iompar ar Tír

Sprioc ardleibhéil **An freastal is fearr a dhéanamh ar riachtanais na sochaí agus an gheilleagair trí líonraí agus seirbhísí iompair atá sábháilte, inbhuanaithe agus iomaíoch**

Tá tábhacht bhunúsach le córas iompair ar tír na hÉireann – mar a bhfuil ár ngréasán bóithre agus iarnróid, in éineacht le seirbhísí bus, iarnróid agus tacsaí – do dhea-bhail eacnamaíoch agus sochaíoch araon.

Investing in Our Transport Future a ndearna an Rialtas é a mholadh agus a fhoilsiú i mí Lúnasa 2015. Is ann a fhéachtar ar an ról is gá a bheith ag iompar i bhforbairt gheilleagair na hÉireann sa todhchaí, agus leagtar síos na príomhthosaíochtaí agus prionsabail mar threoir d'infheistíocht in iompar ar tír sa todhchaí. Soláthraíonn an fhianaise agus an anailís ionchur tábhachtach sa mheasúnú ar eilimint an iompair den Phlean Caipitil 2016 -2021. Déanadh infheistíocht iomlán de €355m sa bhonneagar iompair phoiblí i 2016.

Infheistíocht in Iompar Poiblí

Infheistíocht i nGréasán Iarnróid Throm

Soláthraíodh cistiú caipitil de €126m d'Iarnród Éireann i 2016, go bunúsach do chothabháil agus athnuachan an ghréasáin iarnróid throm ar fud na tíre faoi Chonradh Ilbhliantúil Bainisteora Bonneagair. Mar fhreagra ar an damáiste a rinne tuilte agus stoirmeacha ag deireadh 2015 agus ag tús 2016 d'fhógair an Rialtas leithdháileadh breise ar chistiú d'oibreacha téarnaimh agus deisiúcháin ar an ngréasán bóithre agus iarnróid.

Mar thoradh ar sin, déanadh €8m a leithdháileadh ar Iarnród Éireann le damáiste a déanadh don ghréasán iarnróid a dheisiú. Cuireadh maoiniú ar fáil freisin le cur chun cinn a dhéanamh ar thionscadal ath-chomharthaíochta lár na cathrach i mBaile Átha Cliath, don ionad náisiúnta rialaithe traenach agus d'oibreacha a rinne éascú ar athoscailt Thollán Pháirc an Fhionnuisce i mí na Samhna do sheirbhísí comaitéara ar líne Chill Dara.

Infheistíocht i mBonneagar Iompair Phoiblí eile

Rinneamar cistiú caipitil a sholáthar don Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) maidir leo seo a leanas:

- tionscadail Luas/Metro agus Iarnród Trom;
- sealbhú agus athsholáthar ar bhusanna PSO do fhlíteanna Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann;
- leanúint le forfheidhmiú Chlár na gCéimeanna Bainistíochta Tráchta Inbhuanaithe do mhórcheantar Bhaile Átha Cliath; agus
- Clár Deontais Chathracha Réigiúnacha & Inrochtaineachta.

Rinneamar cistiú a sholáthar freisin i 2016 don ÚNI le húsáid iompair phoiblí a mhéadú trí theicneolaíocht níos cliste le taithí iompair an phobail a bheith níos freagrúla agus níos saoráidí do phaisinéirí.

Luas Traschathrach

Déanadh dul chun cinn socair ar thionscadal Luas Traschathrach i gcaitheamh 2016. Is beag nach raibh oibreacha leagtha ráillí i lár chathair Bhaile Átha Cliath críochnaithe i rith na bliana. Ar na mór-gharspriocanna tionscadail eile a baineadh amach i rithe 2016 áirítear: ráillí a leagan ar Dhroichead Uí Chonaill d'fhonn na Céanna Thuaidh agus Theas a nascadh; suiteáil ar ráillí cheangail le línte Luas Dearg agus Glas agus athsholáthar ar Thrasdeic Liam Whelan/Bóthar an Fhásaigh. Tá an tionscadal fós laistigh den bhuiséad agus é ar sprioc faoi láthair maidir le críochnú na n-oibreacha agus tosú ar sheirbhísí ag deireadh 2017.

Busanna PSO

Leanann an tseirbhís bus le cnámh droma ár gcóras iompair phoiblí a sholáthar ar fud na tíre. Soláthraíodh cistiú i 2016 do 110 bus do réigiún Bus Átha Cliath agus 35 bus do fhlít Bhus Éireann. Is í aidhm an mhaoinithe seo próifíl aoise an fhlít busanna a choimeád ag leibhéal oiriúnach le gréasán bus sábháilte agus nua-aimseartha a chinntiú.

Infheistíocht i bhFeabhsú Seirbhíse do Chustaiméirí Iompair Phoiblí: Tionscadail Chomhtháthaithe

Leantar le cistiú a leithdháileadh ar an ÚNI le húsaid iompair phoiblí a chur chun cinn agus feabhas a chur ar thaithí na gcustaiméirí trí theicneolaíocht níos cliste a bheadh freagrúil agus níos saoráidí do phaisinéirí. Ceapadh tionscnaimh le cur chun cinn agus comhtháthú a dhéanamh ar sholáthar iompair phoiblí in Éirinn ar a n-áirítear an cárta Léime, faisnéis fíor-ama do phaisinéirí agus aipeanna pleanála turais.

Cárta Léime

D'éirigh thar barr leis an gcárta Léime ó seoladh é i mí na Nollag 2011. Faoi dheireadh 2016 bhain díolachán na gcártaí 2. 1m amach agus déanadh 9. 4m turas ar an meán gach mí ag úsáid chártaí Léime. Tá an scéim á leathnú chuig na cathracha réigiúnacha Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge agus í á cur i bhfeidhm go náisiúnta de réir a chéile. Cuireadh feabhas ar an scéim ó seoladh ar dtús í mar chaidhpeáil laethúil agus míosúil iloibreoirí, lacáistí aistrithe, comhtháthú an chárta Léime leis an gCárta Seirbhísí Poiblí agus Scéim na Rothar Poiblí. Leanadh leis an gcárta Léime a chur i bhfeidhm i measc oibreoirí bus tráchtála ar spéis leo é i 2016.

Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí

Chríochnaigh an ÚNI leis an gcéim reatha de scáileáin thaispeána Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí (FFAP) a chur i bhfedhm ag stadanna bus i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge. Faoi dheireadh 2016, bhí os cionn 700 comhartha FFAP ag feidhmiú go náisiúnta ag taispeáint amanna fágála agus faisnéise do phaisinéirí a bhí éasca le léamh.

Pleanálaí Turais Náisiúnta
Soláthraíonn an Pleanálaí Turais Náisiúnta faisnéis ó dhoras go doras do gach turas in Éirinn ar a n-áirítear turais de shiúl na gcos agus ar gach modh taistil phoiblí. Tá sé ar fáil ar an idirlíon agus mar aip. Déanadh íoslódáil ar aip an PTN timpeall 8,000 uair in aghaidh na míosa i rith 2016.

Cistiú Iompair Phoiblí

I 2016 thiomnaigh an tAire €236.6m i dtreo sheirbhísí iompair phoiblí PSO, ar mhéadú 13% é ar leibhéal 2015.

Faoi Acht Údaráis Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, socraíonn an ÚNI cibé an mbaineann PSO le seirbhís iompair áirithe a sholáthar agus téann i mbun chonarthaí i gcomhair seirbhísí poiblí leis na seirbhísí sin. Déanann an ÚNI gach íocaíocht PSO ag teacht leis na conarthaí seirbhíse poiblí sin.

Sa Bhuiséad, rinne an tAire deimhin de go mbeadh leibhéal maoinithe PSO ag méadú arís agus go mbeadh cistiú ar fáil i 2017 le méadú de 11% go dtí €262.9m.

Staid Airgeadais CIÉ
Bhí feabhas ar fheidhmíocht airgeadais Ghrúpa CIÉ i 2016 i gcomparáid le blianta beaga anuas. Chuir fás láidir ar líon na bpaisinéirí (+5%) thar na trí chuideachta oibríoch feabhas ar ioncam oibriúcháin, agus soláthraíodh méadú ar leibhéal fóirdheontais PSO (+11%) freisin i 2016 maidir leis na seirbhísí PSO a sholáthraíonn na cuideachtaí.

Mar sin féin, tá dúshláin fós ann agus táimid ag leanúint le plé leis an nGrúpa agus é ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo trí straitéisí fáis ioncaim agus céimeanna sábhála costais oibriúcháin agus phárolla.

Leasú ar Mhargadh na mBus

Ag teacht le conclúidí a n-athbhreithniú i 2013 ar mhargadh bus an PSO, i 2015 rinne an ÚNI léiriú spéise a lorg ar oibreoirí iompair phoiblí le seirbhís bhus a oibriú ar bhealaí áirithe i limistéir Chathrach Bhaile Átha Cliath, limistéir chomaitéara Bhaile Átha Cliath agus Port Láirge. I dteannta a chéile is ionann na bealaí seo agus timpeall 10% de ghréasán iomlán na mbusbhealach PSO atá á n-oibriú ag Bus Átha Cliath agus Bus Éireann faoi láthair faoi chonarthaí a déanadh leis an ÚNI.

I rith 2016 d'eisigh an ÚNI cuireadh foirmeálta le tairiscintí a dhéanamh maidir le comórtas Cathrach Bhaile Átha Cliath agus táthar ag súil le stádas rogha tairgeora a bhronnadh i samhradh 2017.

Rialáil iarnróid

Céimeanna nua AE

I mí Eanáir 2013, ghlac Coimisiún na hEorpa lena thograí maidir leis an gCeathrú Pacáiste Iarnróid. Is é atá sna tograí seo 3 Threoir agus 3 Rialachán a chlúdaíonn:

- feabhas a chur ar rialachas bhonneagair agus oibriú iarnróid;
- uasdhátú agus cuíchóiriú ar phróisis agus ar chórais maidir le sábháilteacht agus comh-inoibritheacht iarnróid;
- oscailt sa mhargadh d'iompair phaisinéirí iarnróid intíre;
- córas éigeantach tairiscintí iomaíochta a thabhairt isteach do chonarthaí PSO ó 2019 ar aghaidh; agus
- ról nua don Ghníomhaireacht Eorpach Iarnród.

Baineann na sé thogra le dhá ghrúpa – an colún "teicniúil" agus colún an "mhargaidh".

Is é atá sa cholún "teicniúil" de Phacáiste an AE ná moltaí dírithe ar chomh-inoibritheacht agus treoracha agus rialachán sábháilteachta iarnróid an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnród (GEI). Is é cuspóir na gcéimeanna seo spreagadh a dhéanamh ar chríochnú, agus feabhas a chur ar fheidhmiú an limistéir Eorpach Iarnróid Aonair trí na bacanna atá fós ann a bhaint as. Glacadh le céimeanna an cholúin "teicniúil" le daingniú a dhéanamh ar chomhchuibhiú socruithe comh-inoibritheachta agus sábháilteachta le cur le ról an GEI i mBealtaine 2016. Ní mór do gach ballstát na céimeanna nua a chur i bhfeidhm faoin 16ú Meitheamh 2019. I Meitheamh 2016, tháinig gníomhaireacht, ar a dtugtar Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh d'Iarnróid, in ionad an GEI.

Is é atá i gcolún an "mhargaidh" moltaí dírithe ar threoir ar rialachas agus oscailt an mhargaidh, rialachán ar chonarthaí seirbhíse poiblí a bhronnadh agus moladh maidir le leasú rialacháin a bhaineann le normal na gcúntas a bhaineann le gníomhaíochtaí iarnróid. Glacadh le leasú an rialacháin ar normal na gcúntas agus, i mí na Nollag 2016, aontaíodh ar an dá phríomheilimint den cholún "teicniúil".

An Coimisiún um Rialú Iarnróid

Cuireadh le ról an Choimisiúin um Shábháilteacht Iarnróid (CSI), a bunaíodh faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005, thar na blianta le háireamh a dhéanamh ar bhreis feidhmeanna rialála, ar a n-áirítear feidhmeanna mar rialálaí eacnamaíoch iarnróid. D'fhonn sainchúram reachtúil méadaithe an CSI a léiriú, bhí foráil in Acht Iompair Phoiblí 2016 go bhféadfaí an CSI a athainmniú mar An Coimisiún um Rialú Iarnróid. Rinne an tAire Ordú an 29ú Feabhra 2016 a roghnú leis an ainm a athrú.

An tAonad um Imscrúdú Timpiste Iarnróid

Is í aidhm an Aonaid um Imscrúdú Timpiste Iarnróid (AITI) imscrúdú neamhspleách a dhéanamh ar tharluithe ar iarnróid na hÉireann d'fhonn an chúis a bhí leo a fháil amach agus

moltaí a dhéanamh i dtreo is nach dtarlódh a leithéid arís nó feabhas a chur ar shábháilteacht iarnróid.

Déanadh 38 reámhscrúdú i 2016. Tosaíodh ar Imscrúdú amháin i 2016, a bhain le timpiste ar Iarnród Éadrom Dhuibhlinne.

D'fhoilsigh an AITI 3 thuarascáil imscrúdaithe i 2016, ar bhain 2 cheann acu le teagmhais a tharla i 2015, agus bhain an tuarascáil deireanach a foilsíodh le himscrúdú treochta maidir le Comharthaí Rabhaidh Sáraithe (CRS). Is mar seo a leanas a bhí na himscrúduithe:

- Imscrúdú maidir le CRS ar Ghréasán IÉ, ó mhí Eanáir 2012 go Meitheamh 2015;
- Eachtra dainséarach idir Baile Uí Bhróithe agus Port Laoise; agus
- Eachtraí oibriíochtúla ag Ard Raithin agus An Spá (rinne an tuarascáil seo dhá eachtra ar leith ar Ghréasán IÉ a chuimsiú).

Eisíodh 17 moladh nua sábháilteachta i 2016 de bharr na n-imscrúduithe seo. Ba é fócas na moltaí sábháilteachta ná: Maolú SPAD, bainistiú ísealghreamaitheacht; agus feabhas ar shábháilteacht sa láthair oibre.

Clár Iompair Tuaithe

Tá freagracht náisiúnta ar an ÚNI maidir le hiompar comhtháite áitiúil agus tuaithe, ar a n-áirítear bainistíocht an Chláir Iompair Tuaithe (CIT). I rith 2016, déanadh 1.765 milliún turas phaisinéara a thaifead ar os cionn 242,000 seirbhís iompair maoinithe faon CIT. Soláthraíodh cistiú de €12.2m don Chlár i 2016.

Leis an athstruchtúrú a déanadh ar an gClár bunaíodh 17 Aonad Comhordaithe Iompair (ACI), faoin mbranda Nasc Áitiúil, in ionad an 35 Grúpa RTP, a sholáthair an tseirbhís roimhe sin. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí a bhí ann agus ar riachtanais na bpaisinéirí i 2016, déanadh roinnt seirbhísí a chónascadh níos mó seirbhís choimaitéireachta a sholáthar níos rialto ar fud an ghréasáin Nasc Áitiúil. Déanadh 21 seirbhís nua comaitéireachta rialta fhorbairt i 2016 ar a n-áirítear seirbhísí breise bus rialtas 5/6/7 lá in aghaidh na seachtaine. Ar na príomhghnéithe a bhaineann leis na seirbhísí seo áirítear comhtháthú níos fearr leis na seirbhísí iompair phoiblí atá ann agus ceangal níos fearr idir seirbhísí agus laistigh de bhailte agus sráidbhailte.

I dtéarmaí na seirbhísí atá ann, tosaíodh ar phróiseas ath-thairisceana i 2016 maidir leis an 1,035 seirbhís iompair tuaithe atá ann. Le méid na mbealaí atá ann, táthar ag súil leis go mbeidh an próiseas ath-thairisceana críochnaithe faoi dheireadh 2017.

Rialáil Tacsaithe

Tá freagracht ar an ÚNI maidir le rialáil thionscal na dtacsaithe faoi fhorálacha an Taxi Regulation Act 2013.

I 2016 rinne an ÚNI riaradh ar an Scéim Deontais d'Fheithiclí Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí (FOCR) le méadú a dhéanamh ar líon na FOCRanna sa bhflít tacsaithe. Faoin scéim seo, le cistiú de €1.99m cuireadh 284 feithicil nua leis an bhflít FOCR agus déanadh uasghrádú ar 51 feithicil eile laistigh den fhlít. Faoin 31ú Nollaig 2016 bhí 1,252 FOCR sa bhflít, i gcomparáid le 1,013 ag tús na bliana, ar mhéadú 24% é.

Clár Iompair Inbhuanaithe

Críochnaíodh obair ar phríomhchláir i 2016, an bhliain dheireanach den phlean cúig bliana d'infheistíocht straitéiseach i dtaisteal inbhuanaithe. Críochnaíodh le hinfheistíocht i roinnt tionscadal. Bhíodar seo dírithe ar fheabhas a chur ar rátaí comaitéireachta inbhuanaithe le hinfheistíocht i mbonneagar le héascú ar dheánamh ar rothaíocht agus siúlóid in éineacht le tacaíocht do chláir le daoine a spreagadh le cinneadh a dhéanamh maidirle taisteal níos cliste.

Ar na scéimeanna eile ar leanadh le tacaíocht airgeadais a thabhairt dóibh le taisteal níos cliste a spreagadh áirítear eilimint taistil de Chlár na Scoileanna Glasa, Clár na gCampas níos Cliste agus Ionaid Oibre Taistil níos Cliste.

Limistéir Taistil níos Cliste/Bailte Taistil Ghníomhach

Rinne Clár na Limistéar Taistil níos Cliste an cúigiú bliain, agus an bhliain deireanach infheistíochta a sholáthar i dtrí bhaile: Cathair na Mart, Dún Garbháin agus páirteanna de chathair Luimnigh. Tá siad seo ag feidhmiú mar limistéir léirithe ar thionscnaimh iompair inbhuanaithe.

Ba chlár ilbhliantúil é seo le €23m á sholáthar le hiompar inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn sna bailte seo thar thréimhse cúig bliana. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na hoibreacha a déanadh faoin gclár seo, le féachaint ar a n-éifeachtúlacht agus le cinntí sa todhchaí a chur ar an eolas maidir le cistiú do thaisteal níos cliste.

Leanadh le clár na mBailte Taistil Ghníomhach i 2016, le hinfheistíocht i mbonneagar agus i gcéimeanna eile i mbailte ar fud na tíre le spreagadh a dhéanamh ar rogha eile seachas carr a úsáid do thuras gairid. Ba iad na Bailte Taistil Ghníomhach ar éirigh leo do 2014-2016 ná Biorra, an Cabhán, Clár Chlainne Mhuiris, Inis, Sligeach, Durlas, Trá Lí agus Loch Garman.

Féarbhealaí

Leanadh le dul chun cinn a dhéanamh ar roinnt tionscadal Féarbhealaigh maoinithe faoin nGréasán Náisiúnta Raonta Rothar agus Pacáiste Spreagthaí Rialtais. I mí Iúil 2016 soláthraíodh cistiú de €3.8m do thionscadail a bhí réidh le tosú san Iarmhí, Longfort, Cill Dara agus sa Mhí.

Rothaíocht
Lean Seachtain na Rothar (11-19 Iúil 2016) le bheith an-rathúil le os cionn 400 imeachtaí eagraithe ag údaráis áitiúla, comhpháirtíochtaí áitiúla spóirt agus pobail áitiúla. Spreagann an imeacht seo daoine le dul ag rothaíocht den chéad uair nó a rothar a thógáil amach le dul ag obair, ar scoil nó ar mhaithe le fóillíocht.

Déanadh píolótú ar an gcaighdeán traenála nua Cycle Right ag deireadh 2016 i scoileanna sa Mhí, i nDún Laoghaire, i gCorcaigh, i Maigh Eo agus san Iarmhí agus tugadh an deis do gach traenálaí rothaíochta gníomhach an caighdeán nua a bhaint amach. Cheadaigh an obair seo go gcuirfí Cycle Right i bhfeidhm ar fud na tíre ó mhí Eanáir 2017.

Cuireadh le scéim na Rothar Poiblí i mBaile Átha Cliath agus tá sí ag feidhmiú i Luimneach, i nGaillimh agus i gCorcaigh ó dheireadh 2014. Tá timpeall 65,000 úsáideoir cláraithe ag an scéim anois i mBaile Átha Cliath le 14,532 úsáideoir eile i gcathracha réigiúnacha.

Infheistíocht i mBóithre

Infheistíocht i mBóithre Náisiúnta
Caitheadh €290.1m i gcaipitil ar bhóithre náisiúnta, agus caitheadh €39.1m eile ar chothabháil leanúnach ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Ar na hoibreacha cothabhála áiríodh cothabháil gheimhridh, athdhromchlú, feabhas ar chomharthaíocht agus cothabháil eile riachtanach. In éineacht leis seo, bhain caiteachas de €82m le Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPP).

Leanadh le dul chun cinn a dhéanamh i rith 2016 ar mhórchlár bóithre CPP:

- Tháinig críoch airgeadais le Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin N25 le súil leis é a bheith críochnaithe i R1 de 2019;
- Tosaíodh ar an M11 Guaire – Inis Córthaigh i 2016 le súil é a bheith críochnaithe i R2 2019; agus
- Leanadh le tógáil an M17/M18 An Gort-Tuaim le data críochnaithe go luath i 2018.

Déanadh €8m de chistiú drochaimsire a leithdháileadh ar bhóithre náisiúnta i 2016. Déanadh formhór an mhaoinithe seo a leithdháileadh ar chosáin a dheisiú ach úsáideadh é freisin le deisiú a dhéanamh ar dhraenáil, athsholáthar tóchair, feabhsúchán sciorradh talún, oibreacha mótarbhealaigh agus dearaí hidreolaíochta.

Infheistíocht i mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla
Rinne an Státchiste infheistíocht €375m i mbóithre réigiúnacha agus áitiúla i 2016. Áirítear anseo leithdháileadh ar leith de €80.1m i gcistiú caipitil do dheontas drochaimsire.

Cé go raibh príomhfhócas an chláir deontais réigiúnach agus áitiúil dírithe ar chothabháil agus athnuachan, déanadh cistiú a leithdháileadh i 2016 maidir le:

- 22 tionscadal Feabhsaithe Sonrach agus 11 bóthar Straitéiseach Réigiúnach agus Áitiúil; agus
- 178 Scéim Feabhsaithe Sábháilteachta agus 192 scéim athshlánaithe droichead.

I ndiaidh tionscnaimh a sheoladh dírithe ar luasteorainneacha a laghdú in eastáit tithíochta ar fud na tíre i 2015, soláthraíodh tuilleadh maoinithe de €1.2m d'údaráis áitiúla le tacú leis an gclár comharthaíochta seo i 2016. Leanfar le cistiú a chur ar fail don tionscnamh seo i 2017.

Plean Caipitil

Tá soláthar déanta sa phlean caipitil go dtógfar de réir a chéile, thar thréimhse 7 mbliana an phlean caipitil do mhaoiniú ghréasán na mbóithre, go dtí na leibhéil atá riachtanach le tacú le cothabháil agus forbairt imleor a dhéanamh ar an ngréasán. Tá cothabháil agus athnuachan an ghréasáin bóithre mar phríomhtosaíocht i mblianta tosaigh an phlean agus tá €4.4 billiún de bhuiséad caipitil na mbóithre curtha ar leataobh do chothabháil agus athnuachan an ghréasáin atá ann thar achar ama an Phlean. Tá an catagóir caiteachais seo, ina n-áirítear athdhromchlú agus athnuachan ar phábháil bhóithre, riachtanach le sócmhainní bhóithre na tíre a chosaint.

Tá 13 scéim nua feabhsaithe bóthar náisiúnta áitithe sa Phlean Caipitil. Tá cead pleanála ag ocht gcinn de na scéimeanna seo le clabhsúr ar mheasúnú tionscadail agus cead pleanála de dhíth ar 5 cinn. Tá ocht dtionscadal feabhsaithe bóthair beartaithe ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla. Cé nach féidir cur go hiomlán leis an gclár tógála ó 2019 ar aghaidh, déanadh próiseáil i rith na bliana ar an bpróiseas soláthair a bhain le trí thionscadal (leathnú ar Sheachbhóthar an Náis, Seachbhóthar na Sollán agus uasghrádú bóthair i gceantar Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí) go dtosódh an tógáil i 2017. Déanadh obair ullmhúcháin ar mhórscéimeanna eile freisin i 2016.

Bainistiú Bóithre

Tá miondealú déanta ar dhul chun cinn maidir le cleachtais bhainistíochta bóithre a fhorbairt in údaráis áitiúla de réir na gceannteideal seo thíos.

Oibreacha Bóthair & Bainistiú Ceadúnúcháin

Is cuid riachtanach de ghnáth-ghníomhaíocht eacnamaíoch iad oibreacha bóthair. Cruthaíonn siad brú táchta agus damáiste do phábháil na mbóithre áfach, agus is gá rialú a dhéanamh orthu thrí cheadúnú agus cead. Rinneamar dul chun cinn ar roinnt tionscnamh, i gcomhar le húdaráis áitiúla, le cabhrú leis seo:

- Oifig Bainistíochta Bóthair (seirbhís comhroinnte Údaráis Áitiúil a bunaíodh ag deireadh 2014 agus a thosaigh ag feidhmiú i 2015).
- Eisíodh treoirlínte náisiúnta leasaithe agus nuashonraithe le bainistiú a dhéanamh ar oscilt bhóithre poiblí i Meán Fómhair 2015 le cabhrú le ceisteanna a éireodh a aithint. Leanadh ar seo le próiseas suntasach comhairliúcháin le húdaráis áitiúla agus fóntais i gcaitheamh 2016, ar a n-áirítear comhdháil náisiúnta ardleibhéil i nDeireadh

Fómhair 2016 le dul chun cinn a mheas. Faoi dheireadh 2016, bhí tuilleadh athbhreithnithe ar na treoirlínte náisiúnta beagnach críochnaithe.

- Tacú le, agus forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí. Ach go háirithe, déanadh an Córas Bainistíochta Bóthair TF bhunaithe (MapRoad) a fhorbairt. Is córas láraithe gréasánbhunaithe atá anseo a cheadaíonn do chuideachtaí fóntais agus eagraíochtaí eile iarratas a dhéanamh ar line do cheadúnas oscailt bóthair agus do cheadúnas d'oibreacha bóthair. Táthar ag cur leis an obair ar seo trí uasdhátú ar shraith doicméad treorach teicniúil a bhaineann leis agus aipeanna a bhaineann leis a chur ar fáil.

Tá an méid seo a leanas bainte amach ag an idirghabháil seo go dtí seo:

- Córas MapRoad i 27 údarás áitiúil agus oiliúint curtha ar fail don fhoireann iomchuí ar oibriú an chórais. Bhí córais ar leith ar line ag an 4 údarás áitiúil eile (Cathair Chorcaí, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Baile Átha Cliath Theas agus Cathair Átha Cliath) le sofaisticiúlacht éagsúil ag baint leo. I rith 2016, thosaigh an Oifig Bainistíochta Bóthair ar rannpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla seo maidir leis an gcóras a thabhairt isteach de réir a chéile. Tá seo ag teacht le Tuarascáil 2016 an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda a mhol, i measc nithe eile, go n-úsáidfeadh gach údarás áitiúil agus iarratasóir ar cheadúnas oscailte bóthair Córas Ceadúnaithe Oibreacha Bóthair MapRoad (MRL) mar chóras láraithe náisiúnta amháin d'oscailt bhóithre a cheadúnú. Ba rannpháirtí gníomhach sa Tascfhórsa sinn.
- Lasmuigh d'Uisce Éireann, is ar line a dhéantar gach iarratas fóntais/teileachumarsáide seachas ar pháipéar. Leanadh le rannpháirtíocht le hUisce Éireann i rith 2016 agus faoi dheireadh na bliana bhí MapRoad in úsáid i roinnt údarás áitiúil do Thionscadail Caipitil Uisce Éireann agus dá Clár Aimsigh agus Deisigh.
- Ag deireadh 2016, bhí 175 fóntas agus conraitheoir éagsúil ag úsáid an Chórais MRL le próiseáil á dhéanamh ar suas le 900 ceadúnas in aghaidh na míosa.
- Baineadh feabhas suntasach amach maidir le hagaí slánúcháin agus caighdeánú na gceadúnas.

Bainistiú Pábhála

In éineacht le hoibreacha bóthair agus ceadúnú, caitheadh a lán dua le bainistiú pábhála a chur chun cinn, le monatóireacht le déanamh ag údaráis áitiúla agus rianú le déanamh ar fheidhmíocht a ngréasán bóithre. Baintear úsáid as a leithéid de shonraí le tosaíocht a thabhairt d'oibreacha, iad a mhaoiniú agus a bhainistiú. Tá gá le heilimintí de na sonraí feidhmíochta freisin do thuarascálacha chuig an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta. Déanadh dul chun cinn le:

- Forfheidhmiú le hÚdaráis Áitiúla ar MapRoad mar acmhainn amháin ar líne do thaifead na n-oibreacha bóthar a bhíonn beartaithe agus críochnaithe.
- Próisis a thabhairt isteach d'údaráis áitiúla le tionscadail a thaifead agus a rianú. Is féidir na príomhchláir chothabhála agus fheabhsaithe a chur chuig an Roinn anois le faomhadh tríd an gCóras MapRoad agus a chur le chéile ag deireadh na bliana le cabhrú le measúnú ar aschur.

- Forfheidhmiú ar chiorcláin na Roinne maidir le riocht dhromchla bóthair a thaifead thar 31 údarás áitiúil. Bhí suirbhéireacht déanta ar 81% den ghrésán Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla faoi dheireadh 2016 agus é curtha in iúl go raibh 26% i ndea-riocht, 42% i riocht cuíosach maith agus 13% i ndroch-chaoi. Tá forbairt déanta ar aip le cabhrú leis an obair suirbhéireachta.
- Forbairt ar thacaíocht treorach agus bogearraí maidir le rátáil a dhéanamh ar riocht na gcosán. Is céim phíolótach atá anseo le roinnt údarás áitiúil agus é ar intinn é a chur i bhfeidhm i ngach údarás áitiúil i 2017.
- Déanfar tuilleadh dul chun cinn ar seo i 2017. Tá soilsiú poiblí ar cheann de na nithe is mó a úsáideann fuinneamh in údaráis áitiúla.

Luasteorainneacha

Tá ár *dTreoirlínte maidir le Luasteorainneacha a Shocrú agus a Bhainistiú in Éirinn* uasdhátaithe ar fail ag gach údarás áitiúil le cabhrú leo na Luasteorainneacha Speisialta a chur i bhfeidhm. Déantar athrá ann ar fhreagracht reachtúil na mball tofa maidir le fodhlíthe um Luasteorainn Speisialta dá leithéid, faoi réir na dTreoirlínte a leanúint.
Mar chuid den athbhreithniú seo ar gach luasteorainn, tá Bonneagar Iompair Éireann tar éis measúnú a dhéanamh ar leithead gach bóthar náisiúnta agus an t-eolas seo a chur ar fáil d'údaráis áitiúla. Cabhróidh seo leis na húdaráis áitiúla maidir le luasteorainneacha oiriúnacha a aithint do stráicí éagsúla de bhóithre náisiúnta laistigh dá gceantar riaracháin féin de réir na dTreoirlínte.

Réimsí Eile

Tosaíodh ag obair ar chórais agus ar réitigh a chur chun cinn do réimsí eile mar dhroichid, sábháilteacht tráchta agus imbhuailtí.

Leanamar freisin lenár rannpháirtíocht i ROADEX, ar chomhoibriú teicniúil é idir eagraíochtaí bóthar i dtuaisceart na hEorpa a bhfuil sé mar aidhm aige faisnéis agus taghde a bhaineann le bóithre a chomhroinnt leis na comhpháirtithe go háirithe maidir le tógáil agus cothabháil bhóithre tuaithe.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Maraíodh 188 duine ar bhóithre na hÉireann i 2016, ar mhéadú 26 ar 2015 é. Is ábhar díomá agus is cúis imní é an méadú seo, go háirithe toisc gur tharla laghdú 16% ar líon na ndaoine a fuair bás i 2015. Bhí líon na mbásanna i 2016 3% níos ísle ná mar a bhí i 2014.

Tá sé mar aidhm ag ceathrú Road Safety Strategy 2013 -2020 'Closing the Gap' an Rialtais go meadh Éire ar cheann de na tíortha is sábháilte ó thaobh líon na mbásanna ar na bóithre san AE. Tá sé dírithe freisin ar chéimeanna nua le laghdú a dhéanamh ar líon agus ar ghéire na ngortuithe tromchúiseacha ag éirí as imbhuailtí ar bhóithre. Leagann an Straitéis nua sainsprioc síos do 2020 le laghdú a dhéanamh ar líon na mbásanna ar bhóithre go dtí 124 in aghaidh na bliana, agus gortuithe tromchúiseacha go dtí 330 in aghaidh na bliana.

Tosaíodh ar athbhreithniú lár téarma ar an Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre i mí na Samhna 2016, nuair a tháinig páirtithe leasmhara le chéile le mionscrúdú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a bhí gan déanamh lena chinntiú go raibh siad fós ábhartha tar éis trí bliana, agus bacanna a fhéadfadh a bheith ar a bhforfheidhmiú a aithint. Thosaigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB) ar thuarascáil athbhreithnithe lár téarma a dhréachtú ag deireadh 2016 leis an gcuspóir tuarascáil a chríochnú le cur faoi bhráid an Aire a luaithe agus ab fhéidir é i 2017.

Bhí an Bille um Thrácht ar Bhóithre 2016 ceadaithe ag an Seanad i mí Eanáir 2016 agus tugtha chuig Dáil Éireann an athuair i ndiaidh an Olltoghcháin. Ceadaíodh an Bille i mí na Nollag 2016 agus rinne an tUachtarán é a shíniú le bheith ina dhlí ar an 27ú Nollaig 2016.

Is iad príomhbhearta an Achta nua ná:

- Cion nua a bheith ag tiomáint/i mbun fheithicle inneall-ghluaiste le drugaí áirithe aindleathacha i láthair (cannabis, cócaon agus hearóin);
- Soláthar do réamhthástáil ar shreabhán béil ag an nGarda Síochána do dhrugaí ar thaobh an bhóthair nó i stáisiún an Gharda Síochána.
- An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a chumasú le feistí a sholáthar agus a thástáil le húsáid ag An Garda Síochána i réamhthástáil drugaí;
- Rogha nua a chruthú d'údaráis áitiúla le luasteorainn speisialta de 20km/h a chur i bhfeidhm i limistéir fhoirgnithe;
- Forálacha nua lena chinntiú go mbíonn ar chuideachtaí mótarárachais fógra a thabhairt maidir le feithiclí díscríofa, i dtreo is gur féidir taifid a leithéid d'fheithiclí a chur faoi ordú dianghlasála ar an gComhad Feithiclí agus Tiománaithe Náisiúnta (CFTN);
- Forálacha mua maidir le cuideachtaí mótarárachais a bheith ag soláthar sonraí ar cé atá faoi árachas agus cé nach bhfuil don Gharda Síochána, an CFTN, agus Biúró Árachóirí Mótar na hÉireann; agus
- Foráil le feidhm a thabhairt do chomhaontú leis an RA maidir le haitheantas frithpháirteach i dtaobh dícháiliú tiománaithe.

Tugadh 9 bpíosa ar leith reachtaíochta tánaisteach isteach, a ceapadh le feabhas a chur ar chaighdeáin sábháilteachta ar na bóithre i gcoitinne, i rith 2016.

Tiomáint faoi Thionchar an Óil

Leanadh leis an obair le céimeanna a thabhairt isteach le tabhairt faoin gceist a bhaineann le tiomáint faoi thionchar an óil agus tiomáint faoi thionchar drugaí ach go háirithe ar údar imní é atá ag dul i méid.

Tá céimeanna sa Bhille um Thrácht ar Bhóithre 2016, a foilsíodh i mí Eanáir, le haghaidh a thabhairt ar thiomáint faoi thionchar drubaí ar dhá bhealach. Sa chéad áit, cruthaíodh cion nua maidir le tiomáint agus duine os cionn teorann sonraithe maidir le drugaí áirithe. Seo í an chéad uair a cuireadh drugaí ag an leibhéal céanna le halcól ar an mbealach seo. Sa dara

háit, thug an Bille cumhachtaí do na Gardaí réamhthástálacha drugaí a dhéanamh, sna cúinsí céanna ina mbeadh tástáil anála d'alcól á dhéanamh acu cheana féin ar thaobh an bhóthair.

Fógraí Muirir Sheasta agus Pointí Pionóis

Tugadh córas na bpointí pionóis maidir le cionta tiomána áirithe isteach in Éirinn ar an 31ú Deireadh Fómhair 2002. Baineann na cionta go léir a roghnaíodh le háireamh sa chóras, go díreach nó go hindíreach, le sábháilteacht ar bhóithre agus is é príomhfhócas an chórais go mbeadh tionchar aige, agus go gcuirfeadh sé feabhas ar iompraíocht an tiománaí in éirinn agus líon na ndaoine a fhaigheann bás agus a ghortaítear go dona ar ár mbóithre a laghdú. Tá moltaí i dtuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána 'An Córas Próiseála na Muirear Seasta (CPMS), Straitéis don 21ú hAois' go dtabharfaí córas isteach lena chinntiú go mbíonn gach pointe pionóis droimscríofa ar cheadúnais tiomána. Déantar freastal faoi láthair ar fheithiclí agus ar thiománaithe ar bhunachair sonraí éagsúla ag teacht leis an mbealach ina ndéantaí seirbhísí feithicle agus tiomána a shoáthar go stairiúil.

Rinne an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt roimhe seo agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faomhadh ar an gClár Trasfhiormithe seo mar a mbeidh soláthar do Mháistirthaifead Ceadúnais (MTC) nua a chruthú. Soláthróidh seo nasc idir an úinéir feithicle agus an té a mbíonn ceadúnas tiomána aige/aici d'fhonn an formhuiniú is mó ar phointí pionóis a bhaint amach. Cuirfidh an MTC freisin le cruinneas foriomlán an CFTN trí leasú a dhéanamh ar an gcóras a bhaineann le húinéireacht fheithiclí a chlárú chomh maith le tionscnaimh eile a bhaineann leis an CFTN ar nós cúnamh a thabhairt le fíneálacha a bhailiú i gcomhthéacs Thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána. Tosaíodh ar chéim tosaigh anailíse an chláir i Meán Fómhair 2016. Tá an CFTN tar éis tosú ar theagmháil a dhéanamh le gach páirtí leasmhar criticiúil (m.sh. leis an ÚSB, na Coimisinéirí Ioncaim, An Garda Síochána agus na Cúirteanna) le plé a dhéanamh ar na hathruithe a bheidh de dhíth orthu agus tá ceardlanna á socrú faoi láthair le plé níos mine a dhéanamh ar na riachtanais.

Feictear go dtógfaidh sé os cionn trí bliana an clár trasfhoirmithe a chríochnú.

Grúpa Oibre ar Chostas Árachais

Bhí an Roinn rannpháirteach i nGrúpa Oibre ar Chostas Árachais (GOCÁ), a bunaíodh i 2016 faoi Chathaoirleacht Aire Stáit na Roinne Airgeadais. Cuireadh mar chúram ar an ngrúpa seo imscrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna leis an ardú a tharla le déanaí ar chostas mhótarárachais, agus moltaí a dhéanamh ar conas a fhéadfaí na costais sin a laghdú. Rinne an GOCÁ 23 moladh, le 71 gníomhaíocht ghaolmhar a bheadh le cur i bhfeidhm laistigh d'achar ama comhaontaithe.

Baineann na príomh-mholtaí don Roinn Iompair, Turasóireacht agus Spóirt le:

- níos mó béime (i gcomhar leis an ÚSB) ar chéimeanna breise le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú;
- bunachar sonraí árachais a bheadh ag feidhmiú go hiomlán a bhunú agus a bheadh á choinneáil ag tionscal an árachais; agus

- an dul i dtreo an tionscadail maidir le Máistirthaifead Ceadúnais.

Ceadúnú Oibreora Iompair ar Bhóithre

Déanann an tAonad Ceadúnaithe Oibreora Iompair ar Bhóithre (ACOIB) bainistiú ar an bpróiseas ceadúnaithe d'oibreoirí tarlaithe bótahir agus iompair phaisinéirí de bhóthar. Ag deireadh 2016 bhí 3,796 ceadúnaí tarlaithe bóthair ann le 18,002 feithicil údaraithe agus 1,789 ceadúnaí iompair phaisinéirí le 10,624 feithicil údaraithe. I rith 2016, eisíodh 901 Ceadúnas Oibreora Tarlaithe Bóthar agus 296 Ceadúnas Oibreora um Iompar Paisinéirí ar Bhóthar.

I 2016, déanadh timpeall 62% de gach iarratas ar cheadúnas agus gach iarratas ar cheadúnas a leasú trí sheirbhís iarratais ar líne na Roinne.

Ba é iomlán an ioncaim ó tháillí ceadúnais do 2016 ná €1.3K. Is ionann sin agus méadú 35% ar ioncam 2015.

Rinne Éire ceangal leis an gClár Eorpach um Ghnóthair Iompair de Bhóthar (CEGIB) i mí na Nollag 2014. Ceadaíonn seo comh-mhalartú sonraí idir na Ballstáit maidir le sáruithe ag oibreoirí iompair, a éascódh monatóireacht spriocdhírithe, bunaithe ar riosca a dhéanamh ar cheadúnaithe. I rith 2016, leanadh le hobair a dhéanamh ar a thuilleadh forbartha ar an CEGIB agus ó 2017 ar aghaidh cuirfear mionsonraí ar sháruithe i ngach catagóir,.i., tromchúiseach, an-tromchúiseach agus is tromchúisí, in iúl tríd an CEGIB.

Acht um Chlampáil Fheithiclí 2015

I dtosach feidhme is é an ÚNI Vehicle Clamping Act 2015, a bheidh mar rialtóir neamhspleách ar ghníomhaíochtaí clampála cibé áit ina mbíonn siad ag feidhmiú.
I 2016 aithníodh earráid teicniúil san Acht a chuir bac ar chumas an ÚNI an tréimhse comhairliúcháin atá riachtanach do dhréacht-Rialacháin a thosú agus a chríochnú. Déanadh an Bille um Thrácht ar Bhóithre 2016 a leasú d'fhonn an earráid a cheartú agus ceadú do thosach feidhme an tAcht um Chlampáil Fheithiclí 2015. Ghlac an tOireachtas leis an leasú agus déanadh Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 a shíniú le bheith ina dhlí ar an 27ú Nollaig 2016 agus tháinig i bhfeidh in Aibreán 2017. Tá an Roinn ag obair anois le hOifig na Comhairle Parlaiminteach maidir le tosach feidhme Acht um Chlampáil Fheithiclí 2015 a bheith i gceist a luaithe agus is féidir é.

Cód Poist Náisiúnta (Éirchód)

Críochnaíodh an coigeartú ar bhogearraí NVDF agus an t-oiriúnú oibríochtúil a bhí riachtanach go mbeadh ar chumas an chórais NVDF feastal agus próiseail iomlán a dhéanamh ar Éirchóid i mí Eanáir 2016. Críochnaíodh cúramaí eile cumasaithe mar choigeartú ar tháillí stáiseanóireachta agus bulcphriontáil/post freisin.

Muirí

Sprioc ardleibhéil **Éascú a dhéanamh ar iompar muirí atá sábháilte agus inbhuanaithe agus ar sheirbhísí bainistíochta éigeandála a sholáthar**

Le stádas na hÉireann mar gheilleagar beag oscailte, is tairseach chriticiúil atá san earnáil mhuirí maidir le gluaiseacht earraí idir Éire agus a comhpháirtithe trádála. Tá príomhról ag an earnáil seo freisin i ngluaiseacht daoine go hÉirinn agus as Éirinn agus, dá bhrí sin, tá sí ríthábhachtach maidir le forbairt na hearnála turasóireachta. Cuimsíonn ár ról maidir le hiompar muirí ní amháin éascú ar iompar muirí a fhorbairt ach freisin forfheidhmiú agus deimhniú ar chiaghdeáin agus nósanna imeachta sábháilteachta, teicniúla, saothraithe agus forfheidhmithe a sholáthraíonn deimhniú do chách a bhíonn ag brath ar an bhfarraige.

Polasaí Náisiúnta um Chalafoirt

I Márta 2013 rinne an Rialtas faomhadh ar fhoilsiú National Ports Policy nua. Is é cuspóir lárnach an pholasaí éascú a dheánamh ar mhargadh iomaíoch agus éifeachtach do sheirbhísí iompair mhuirí. Tugann an polasaí roinnt leasuithe tábhachtacha isteach agus déanann rangú ar na cuideachtaí tráchtála poirt de réir trí leibhéal:

- Calafoirt a bhfuil Suntas Náisiúnta ag baint leo Leibhéal 1 (Baile Átha Cliath, Corcaigh agus An tSionainn/Faing);
- Calafoirt a bhfuil Suntas Náisiúnta ag baint leo Leibhéal 2 (Port Láirge agus Ros Láir); agus
- Calafoirt a bhfuil Suntas Réigiúnach ag baint leo (Droichead Átha, Dúl laoghaire, Gaillimh, Ros Mhic Thriúin agus Cill Mhantáin).

Leanamar leis an bpolasaí nua a chur i bhfeidhm de réir na dtiomantas a bhí foilsithe.

The Harbours Act 2015 ar cuireadh tríd an Oireachtas é agus é sínithe le bheith ina dhlí ag an Uachtarán i mí na Nollag 2015.

Is í bunaidhm an Achta ná éascú a dhéanamh ar aistriú na gcúig calafort a bhfuil Suntas Réigiúnach leo, - Droichead Átha, Dún Laoghaire, Gaillimh, Ros Mhic Thriúin agus Cill Mhantáin – chuig ceannas an Údaráis Áitiúil. Cuirfidh an tAcht feabhas freisin ar phróiseas ceapacháin na mbord do na cuideachtaí poirt.

Tá soláthar san Acht do dhá rogha aistrithe a fhéadfadh a bheith ann:

- Cumhacht Aire scairsheilbh chuideachta a aistriú chuig Údarás Áitiúil iomchuí agus soláthar a dhéanamh maidir le nithe áitithe a bhaineann le riarachán a leithéid de chuideachta sa todhchaí;
- Cumhacht Aire na cuideachtaí a dhíscaoileadh agus gach sócmhainn, dliteanas agus fostaí a aistriú chuig an Údarás Áitiúil iomchuí;

Aistríodh calafort Chill Mhantáin chuig Comhairle Contae Chill Mhantáin ar an 30ú Lúnasa 2016. Tá na húdaráis áitiúla eile atá i gceist tar éis tosú ar phróiseas díchill chuí leis na ceithre chalafort atá fágtha atá le haistriú. Táimid i mbun plé i gcónaí leis na húdaráis áitiúla agus na calafoirt maidir leis an bpróiseas aistrithe agus an modh aistrithe.

Tugann Ordú ón Aire feidhm d'aistriú faoin Acht. Déanann an tAire Turasóireachta, Iompair agus Spóirt na hOrduithe a shíniú le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rilaltais Áitiúil.

Soithí faoi Bhratach na hÉireann

Bhí 35 soitheach (níos mó ná 500 ollthnnáiste) i bhflít longa trádála idirnáisiúnta na hÉireann ag deireadh 2016. Choimeád Éire a hionad ar an "liosta Bán" de "liosta Bán, Liath agus Dubh" an Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafoirt. Tá stádas "Ísealriosca" freisin ag bratach na hÉireann a luadh.

Rialú Stáit ar Chalafoirt

Rinne Éire de réir a hoibleagáidí faoi Mheabhrán Comhthuisceana Pháras (MCTP) agus Treoracha an AE.

Lean Éire le forfheidhmiú a dhéanamh ar Córas Cigireachta Nua (CCN) an MCTP, ar mheicníocht spriocaimsithe bunaithe ar riosca é. Rinne Éire 304 cigireacht agus rinne leibhéal na gcigireachtaí a chomhlíonadh de réir an CCN i 2016. Déanadh cigireacht ar gach long phaisinéirí rolladh ann-rolladh as a bhí ag feidhmiú isteach agus amach as an Stát agus déanadh deimhniú ar gach bád farantóireachta agus paisinéara i rith na bliana.

Dlúthfheachtas Cigireachta

Ó Mheán Fómhair go deireadh mhí na Samhna 2016 ghlac Éire páirt i nDlúthfheachtas Cigireachta (DFC) a bhí dírithe ar Choinbhinsiún Oibreachais Mhuirí na nEagraíochtaí Idirnáisiúnta Saothair a chur i bhfeidhm maidir le gach long ag teacht chun calafoirt. Cuirfear na torthaí ar fáil tríd an MCTP.

Slándáil Mhuirí

Leanadh le forfheidhmiú na gcéimeanna slándála muirí ar a n-áirítear maoirseacht ar longa, saoráidí calafoirt agus calafoirt i rith na bliana le comhlíonadh Rialachán 725/2004/CE an AE agus Treoir 2005/65/CE maidir le slándáil chalafoirt a chinntiú.

Reachtaíocht um Shábháilteacht Mhuirí agus Chomhshaoil agus Fógraí Mhuirí

Déanadh roinnt ionstraimí reachtúla i rith 2016. Tháinig ceithre cinn chun cinn as forbairtí ag leibhéal an AE maidir le:

- córais chláraithe do dhaoine ag seoladh ar bord longa paisinéirí (tag Treoir 98/41/CE ón gComhairle, mar a leasaíodh le Treoir 2002/84/CE);
- trealamh faofa muirí ar féidir é a chur ar bord soithí (tag Treoir Uimh. 2015/559/AE ón gCoimisiún a rinne leasú eile fós ar Threoir maidir le Trealamh Muirí 1996);
- Córas Faisnéise agus Monatóireachta Tráchta Soithigh (tag Treoir 2014/100/EU ón gCoimisiún a rinne leasú eile fós ar Threoir 2002/59/EC); agus
- áiseanna glachta na gcalafort do dhramhaíl long-ghinte (tag Treoir 2015/2087 ón gCoimisiún (AE) a rinne leasú eile fós ar Threoir 2000/59/CE).

Déanadh ceithre ionstraim reachtúil eile le teacht le riachtanais an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta maidir le truailliú na mara:

- Na Rialacháin um Thruailliú na Farraige (Substaintí Dochracha i bhFoirm Pacáistithe)(Leasú) 2016 (I.R. Uimh. 459 de 2016);
- Rialacháin um Thruailliú na Farraige (maidir le Cosc a chur ar Thruailliú Ola)(Leasú) 2016 (I.R. Uimh. 461 de 2016);
- I.R. Uimh. 578 de 2016: Rialacháin um Thruailliú na Farraige (maidir le Cosc a chur ar Thruailliú Ola)(Leasú) (Uimh.2) 2016; agus
- I.R. Uimh. 582 de 2016: Rialacháin um Thruailliú na Farraige (maidir le Cosc a chur ar Thruailliú Ola)(Leasú) (Uimh.3) 2016.

Is fógraí faisnéise iad Fógraí Mhuirí a bhíonn eisithe ag an Roinn le poibliú a dhéanamh ar eolas tábhachtach sábháilteachta, rialála agus eile a bhaineann le cúramaí na farraige in Éirinn. Clúdaíonn siad 3 chatagóir:

- Faisnéis: m.sh. nósanna imeachta agus scrúduithe Oifig na Suirbhéireachta Muirí, foilseacháin, aisghairm táirgí & foláirimh sábháilteachta, agus fógraí eile tionscail;
- Oibreacha: m.sh. comhairle ar thógáil, oibreacha nó suirbhéireachta ar muir a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar loingseoireacht; agus
- Reachtúil: aire a dhíriú ar rialachán nó ar cheanglas dlíthiúil eile.

Eisíodh 47 Fógra Muirí i 2016.

Scéim Oideachais agus Oiliúna Muirí

Tá Scéim Oideachais agus Oiliúna Muirí na hÉireann (OOM) deimhnithe ag an Roinn de réir riachtanais an Eagraícoht Mhuirí Idirnáisiúnta (EMI) agus an AE maidir le deimhniú agus oiliúint mharaithe. Lean Éire le forfheidhmiú a dhéanamh ar leasuithe Manilla 2010, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Dheimhniú Caighdeán Oiliúna agus Faire do Mharaithe (DCOFM), agus choimeád Éire a hionad ar an "Liosta bán" don EMI do Stáit a thugann feidhm iomlán do Choinbhinsiún DCOFM. Cuireadh Córas Faisnéise do Mharaithe nua i bhfeidhm in éineacht le suíomh gréasáin www.seafarers.ie.

Cuardach agus Tarrtháil

Tháinig laghdú beag ar líon na dteagmhas i 2015 ó 2,664 tegmhas go 2,582 teagmhas i 2016. Bhí méadú beag ar líon na dteagmhas ar freagraíodh dóibh ar bord loinge trádála agus bhí laghdú beag ar theagmhais ar fhreagraíodh dóibh in earnáil na n-árthach áineasa.
Ba bhliain ghnóthach do héileacaptair an Gharda Cósta, don RNLI agus d'aonaid deonacha an Gharda Cósta í. Cuireadh de chúram ar an nGarda Cósta freagairt do 898 teagmhas leis an RNLI ag freagairt do 854 teagmhas agus aonaid an Gharda Cósta ag freagairt do 1,065 teagmhas.

Nuachóiriú laistigh d'Ionaid Chomhordaithe Tarrthála an Gharda Cósta agus d'Aonaid Deonacha an Gharda Cósta
I 2016 críochnaíodh an clár athsholáthar feithicle d'aonaid an gharda cósta ar an gcósta. Ina theannta sin cuireadh Feithiclí Uile-Thír-Raon leis an bhflít. Tá obair tosaithe ar chonradh maidir le trealamh nua cosanta pearsanta atá le cur i bhfeidhm i 2017.

Bhí an-dul chun cinn déantar ar an gCóras Bainistíochta Faisnéise d'Oibrithe Deonacha (CBFOD) agus é le bheith críochnaithe i 2017. Tá uasghrádú déanta ar stáisiúin an Gharda Cósta ar fud na tíre agus tá clár tógála ar bun chomh maith.

Sábháilteacht Mhuirí

I 2015 d'fhoilsigh Riarachán Muirí na hÉireann Maritime Safety Strategy nua. Tá an Straitéis dírithe ar líon na mbásanna agus na ngortuithe a laghdú i measc úsáideoirí áineasa, iascairí, paisinéirí agus maraithe agus moltar níos mó freagrachta pearsanta agus feasacht ar rioscaí. Aithníodh roinnt chuspóirí sna réimsí Faisnéise agus Cumarsáide, Cuardach agus Tarrtháil, Caighdeáin, Forfheidhmiú, agus Bailiú Sonraí maidir len iad a chur chun cinn thar thréimhse cúig bliana agus déanfar monatóireacht ghníomhach orthu seo. I 2016 tionóladh Gradaim Náisiúnta Muirí do Chalmacht agus Sábháilteacht Inmholta i dTeach Farmleigh. Tá dul chun cinn maith déanta ar mhórán de na gníomhaíochtaí eile ar a n-áirítear suribhéireacht bhonnlíne a chríochnú ar dhearcadh maidir le Sábháilteacht Mhuirí a fháil amach.

Athbhreithniú ar an gCód Cleachtais d'Oibriú Árthaí Áineasa go Sábháilte

Foilsithe ar dtús i 2005, the Code of Practice for the Safe Operation of Recreational Craft is foinse comhairle agus treorach d'úinéirí, d'oibreoirí agus d'úsáideoirí árthach áineasa é. Tugann an Cód Cleachtais eolas ar an reachtaíocht a bhaineann le hárthaí áineasa ar bhealach simplí agus soláimhsithe agus soláthraíonn sé treoir ar dhea-chleachtas maidir le hárthaí éagsúla a oibriú.

Cuireadh tús i 2016 le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Cleachtais, de réir Ghníomhaíocht 16 den Straitéis Sábháilteachta Muirí, leis na forbairtí reachtaíochta agus eile a tharla le blianta beaga anuas a chur san áireamh. Tugadh faoi sprioc-chomhairliúchán le

páirtithe leasmhara agus ag deireadh na bliana, bhí obair á dhéanamh ar Chód Cleachtais leasaithe agus é i gceist Cód nuashonraithe a fhoilsiú i rith 2017.

Muiriompar Inrochtana

Eagraíodh Oiliúint Feasachta ar Mhíchumas d'oibreoirí agus do chriú árthach paisinéirí i mí Feabhra 2016 i nGaillimh. Ba fhreagra a bhí sa ghníomh seo ar thorthaí ár gClár 2012/2013 le monatóireacht a dhéanamh ar iarrachtaí deonacha úinéirí/oibreoirí longa agus báid phaisinéirí le feabhas a chur ar inrochtaineacht a seirbhísí iompair phaisinéirí mhuirí. Déanadh fógrán a leithdháileadh freisin i gcaitheamh 2016 le tuilleadh feabhais ar inrochtaineacht ar chostas íseal a spreagadh maidir le seirbhísí iompair phaisinéirí mhuirí.

Turasóireacht

Sprioc ardleibhéil **Tacú le tionscal na turasóireachta le fás ar bhealach inbhuanaithe.**

Tá tionscal na turasóireachta fréamhaithe go daingean i saol eacnamaíoch na hÉireann, uirbeach agus tuaithe. Tá turasóireacht lárnach do chlár téarnaimh gheilleagrach an Rialatis agus é comhtháite i gcreat straitéiseach níos leithne eacnamaíochta. Bhí na príomhghealltanais i gClár an Rialtais le feiceáil i dtionscnamh jabanna an Rialtais ina dhiaidh sin, le gníomhaíochtaí tosaíochta leagtha síos i bPlean Gníomhaíochta do Jabanna 2016.

Is gnólachtaí beaga is mó atá gafa leis an tionscal, agus fostaíonn tionscal an fháilteachais timpeall 220,000 duine. I 2016, ghnóthaigh na tionscail seo €6.353 billiún (lasmuigh de tháillí) in ioncam ó bhaile agus thar lear. Déanadh sárú ar líon na gcuairteoirí go hÉirinn i 2016. Thug 9,584,400 duine cuairt ar Éirinn i 2016, ar mhéadú 10.9% é i gcomparáid le 2015. Agus comparáid á dhéanamh leis na príomh-mhargaí i 2016, léirigh an Bhreatain Mhór méadú 10. 6% (3. 924m cuairteoir), léirigh Mór-Roinn na hEorpa méadú 8. 5% (3. 302m cuairteoir), agus léirigh Meiriceá Thuaidh méadú 19. 4% (1. 808m cuairteoir) agus bhí cuairteoirí eile cianaistir suas 2. 2% (550,200 cuairteoir).

Ba é an tuilleamh iomlán (lasmuigh de tháillí) maidir le turasóireacht agus taisteal eachtrach do 2016 ná €4.577 billiún, ar ionann é agus méadú 8.8% i gcomparáid le 2015.

Ina theannta sin, leanann an earnáil na cóiríochta agus an bhia le fostaíocht a sholáthar i ngach réigiún den tír. Léiríonn sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh go raibh fostaíocht san earnáil seo inti de 148,300 duine (coigeartaithe de réir séasúir) sa ráithe deireanach de 2016. Ba mhéadú +3. 7% é seo ar an ráithe chéanna i 2015.

Ag troid ar son na hearnála turasóireachta

Tá trí phríomhsprioc i Tourism Policy Statement – "People, Place and Policy – Growing Tourism to 2025", an Rialtais, a seoladh i 2015, atá le baint amach faoi 2025:

- beidh ioncam ó thurasóireacht ó thíortha thar lear, lasmuigh d'admhálacha iompróra (táillí eitilte agus farantóireachta) ag €5 billiún in aghaidh na bliana (ag praghsanna 2014 .i. coigeartaithe ó thaobh boilscithe de idir anois agus 2025). Is é an figiúr inchomparáide do 2014 ná €3.5 billiún.
- bainfidh fostaíocht i dturasóireacht 250,000 amach (timpeall 200,000 faoi láthair); agus
- beidh 10m cuairteoir at teacht go hÉirinn gach bliain faoi 2025 (i gcomparáid le 7.604m i 2014).

Ar an 28ú Eanáir 2016 seoladh Tourism Action Plan 2016-2018 ag leagadh síos na ngníomhaíochtaí ar leith atá de dhíth leis na cuspóirí atá i "People, Place and Policy" a bhaint

amach. Tugadh aghaidh anseo ar chuid de na príomhcheisteanna ar a n-áirítear acmhainn lóistín do chuairteoirí, oiliúint agus scileanna sna hearnálacha turasóireachta agus fáilteachais, agus freastal ar riachtanais na gcuairteoirí ó mhargaí turasóireachta atá ag teacht chun cinn.

Déanadh dul chun cinn suntasach maidir le cuid de na gníomhaíochtaí seo, ar a n-áirítear athruithe ar na rialacháin maidir le lóistín do chuairteoirí, cur le margaíocht chomhoibríoch le tacú le rochtain aeir agus farraige ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus Oirthear Ársa na hÉireann, agus athbhreithniú ar mhargaí nua turasóireachta agus margaí atá ag teacht chun cinn.

Mar sin féin, déanadh soiléir é ag am foilsithe an Ráiteas Beartais Turasóireachta, nach i gcónaí a dhéanann turasóireacht fás ar bhonn leanúnach le linn aon leathscór bliain ar leith, agus is féidir le himeachtaí lasmuigh tionchar a bheith acu ar threocht an fháis. Táthar ag súil leis go mbeidh drochthionchar ag torthaí reifrinn an RA ar bhallraíocht an AE ("Brexit") ar thurasóireacht ón mBreatain Mhór go ginearálta, agus ní bheidh Éire slán ar an tionchar sin.

Clár Turasóireachta – Tosaíochtaí

Tá sé mar aidhm ag an gClár Turasóireachta tacú le forbairt agus inbhuanaitheacht na turasóireachta in Éirinn, ag teacht le "*People, Place and Policy - Growing Tourism to 2025".* Baineann ról na Roinne go príomha le polasaí náisiúnta turasóireachta a fhorbairt agus tionchar a bheith aici ar réimse de ghníomhaíochtaí agus de chláir inmheánacha agus seachtracha, i gcomhar le comhpháirtithe an tionscail. Déanann an dá ghníomhaireacht turasóireachta atá ag feidhmiú faoinár gcoimirce, Fáilte Éireann (an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta) agus Turasóireacht Éireann, déileáil le forfheidhmiú an pholasaí seo. Dá réir sin, cuirtear ár mbuiséad turasóireachta tríd an dá ghníomhaireacht turasóireachta.

Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Leasú) 2016

Déanadh National Tourism Development Authority (Amendment) Act2016 a shíniú le bheith ina dhlí ar an 16ú Samhain 2016. Déanann an rechtaíocht athcheartaithe méadú ar lebhéal an chistiúcháin is féidir a sholáthar d'Fháilte Éireann d'infheistíocht chaipitil i dturasóireacht. Ach go háirithe, méadaíonn an tAcht teorainn iomlán maoinithe carnach do chaiteachas caipitiúil Fháilte Éireann ar thionscadail nó ar fhiontair ó €150m go dtí €300m. Is píosa reachtaíochta cumasúcháin atá san Acht agus socrófar méid an chaiteachais chaipitiúil ag Fáilte Éireann de réir an ghnáthphróisis bhuiséadach-

An Creat um Chaiteachas

I rith 2016 aontaíodh ar chreat foriomlán do sholáthar caiteachais ar thurasóireacht i gClár Infheistíochta Caipitil an Rialtais – ag Tógáil ar Théarnamh: Bonneagar & Infheistíocht Chaipitil 2016-2021. Is féidir an infheistíocht seo a dhéanamh faio 4 cheannteideal leathan:

- Clár Deontais Chaipitiúil Mór;
- Clár Deontais Chaipitiúil Beag;
- Comhpháirtíochtaí Speisialta (Oifig na nOibreacha Poiblí/an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra etc.); agus
- Infheistíocht Dhíreach (m.sh comharthaíocht Oirthear Ársa na hÉireann).

Tháinig deireadh leis an gcéad ghlaoch ar Thacaíocht Infheistíochta Caipitil do Mhórthionscadail Turasóireachta ar an 22ú Lúnasa 2016.

Soláthraíodh €15.515m d'Fháilte Éireann i 2016 d'fhorbairt tháirge na turasóireachta. Ar na tionscadail a críochnaíodh i rith na bliana, a ndearna Fáilte Éireann maoiniú caipitil a íoc ina dtaobh bhí:

- déanadh daingean Inis Píc (Cuan Chorcaí), ar phríosún agus dún míleata Briotanach a bhí ann, a thiontú ina áit a mbíonn tóir ag turasóirí air;
- athfhorbairt ar Russborough House, Co. Chill Mhantáin;
- tiontú ar Shéipéal agus Reilig Mhuire, Cill Chainnigh, go dtí Músaem an Mhíle Meánaoiseach; agus
- Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Ros Muc, Co. na Gaillimhe

Rialacháin um óstáin a chlárú

I rith 2016, rinne an tAire faomhadh ar rialacháin nua íosmhéide maidir le hóstáin a chlárú, a bhí coigeartaithe ag Fáilte Éireann agus faofa ag a Údarás de réir fhorálacha an Acht um Thrácht Turasóireachta. Bhí na rialacháin choigeartaithe, a tháinig i bhfeidhm ar an 1ú Lúnasa 2016, ag teacht le tiomantas an Phlean Gníomhaíochta Turasóireachta athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na Rialacháin a bhaineann le lóistín do thurasóirí. Ba chóir go mbeadh infheistíocht níos tarraingtí de bharr na n-athruithe trí cheadú d'oibreoirí óstán níos mó seomraí a chur ar fáil agus oibriú ag bonn costais níos ísle, ag feabhsú acmhainne, iomaíochas agus brabús an óstáin dá réir.

Eispéireas Branda Turasóireachta

Lean Fáilte Éireann le forbairt a dhéanamh ar phríomheispéireas branda, trí sprioc-infheistíocht chaipitil i nithe a mheallann daoine agus i mbonneagar eile turasóireachta agus i dtacaíochtaí na gclár dírithe ar na brandaí seo a fheabhsú, a spreagadh agus a chur chun cinn, ar a n-áirítear tacaíochtaí do ghnó, oiliúint, féilte agus imeachtaí. Leanadh freisin le cur chun cinn ar laethanta saoire sa bhaile d'fhonn an margadh intíre a mhéadú, ag teacht lena

fregrachtaí reachtúla, agus le monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an lóistín turasóireachta atá cláraithe agus faofa.

Tacaíochtaí d'Fhiontraíocht

Maidir le hoiliúint agus forbairt don tionscal, lean Fáilte Éireann le sraith iomlán tacaíochtaí forbartha gnó agus oiliúna a thairiscint le feabhas a chur ar acmhainneacht agus iomaíochas na bhfiontar turasóireachta. Ar na tionscnaimh nua a cuireadh i bhfeidhm i 2016 bhí 'Máistir-Ranganna', le rochtain á thairiscint d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide indibhidiúla turasóireachta ar chlinicí comhairle mheantíreachta le cabhrú le fointair thurasóireachta gnó a fhorbairt agus a fhás trí aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le séasúracht agus réigiúnacht.

Turasóireacht Ócáide & Ghnó

Thugamar tacaíocht d'Fháilte Éireann ina ngníomhaíochtaí le himeachtaí turasóireachta gnó, spóirt agus eile a mhealladh chun na tíre. I 2016, lean Fáilte Éireann le tacú le fás chomhdhálacha, chruinnithe idirnáisiúnta, le taisteal dreasachta agus le himeachtaí cultúrtha agus spóirt ar scála oiriúnach d'Éirinn, ag dírí ar na himeachtaí sin a mheallfadh líon suntasach cuairteoirí idirnáisiúna agus a sholáthródh líon mór iostas oíche.

Is branda oifigiúil gnó turasóireachta d'oileán na hÉireann é Meet In Ireland. Cuireann foireann Meet in Ireland Fháilte Éireann Éire chun cinn mar phríomh-cheann scribe comhdhála agus cruinnithe. Oibríonn an fhoireann go comhoibríoch le príomhpháirtithe leasmhara le himeachtaí gnó turasóireachta atá mór le rá a fháil d'Éirinn. I 2016, thug an clár tacaíocht do 335 cruinniú, dreasacht, comhdháil agus ócáidí gnó idirnáisiúnta d'Éirinn, le 109,000 toscaire idirnáisiúnta agus luach timpeall €148m de ghnó sa todhchaí á sholáthar d'Éirinn.

Tá Event Ireland Fháilte Éireann mar phríomhthiománaí ar fhás straitéiseach san earnáil imeachtaí idirnáisiúnta. Aithníonn an t-aonad deiseanna taireascana d'imeachtaí spóirt agus cultúrtha idirnáisiúnta ar scála oiriúnach d'Éirinn i gcomhpháirt le príomh-pháirtithe leasmhara. Soláthraíonn sé réimse tacaíochtaí airgeadais agus praiticiúil d'fhonn na himeachtaí sin a fháil. Ar na himeachtaí móra le rá i 2016 bhí Clasaic Peile na gColáistí Aer Lingus, chomh maith le mórán turnaimintí idirnáisiúnta faiche, uisce agus ealaíona comhraic. Ag deireadh 2016, bhí 20 imeacht le tacaíocht beartaithe idir 2017-2020 ar a n-áirítear imeachtaí mar Chraobhchomórthais Snámha 2018 CPI (an Coiste Parailimpeach Idirnáisiúnta) na hEorpa.

I 2016, sholáthair Fáilte Éireann cistiú de €2.7m do 39 féile náisiúnta agus imeachtaí rannpháirtíochta faoi Chlár Náisiúnta na bhFéilte & na nImeachtaí Rannpháirtíochta. Ar na féilte ar tacaíodh leo faoi Chlár Náisiúnta na bhFéilte agus na nImeachtaí áirítear Lá Fhéile Pádraig, Féilte Ceoil Aireagail agus Liteartha Iarthar Chorcaí, Fleadh Cheoil na hÉireann, Féile Idirnáisiúnta Oisirí na Gaillimhe, Féile Ceoldrámaíochta Loch Garman agus Féile Ómóis Idirnáisiúnta Rory Gallagher. Faoi Chlár Réigiúnach na bhFéilte agus na nImeachtaí

Rannpháirtíochta 2016, bronnadh €690,000 eile le tacú le 205 féile réigiúnach le turasóireacht intíre a thiomáint agus feabhas a chur ar eispéireas an chuairteora.

I mBealtaine 2016, sheol Fáilte Éireann clár píolótach nua 'What's the Big Idea?' le nuálaíocht agus smaointeoireacht úr a thiomáint in earnáil na bhféilte agus na n-imeachtaí rannpháirtíochta. Fuarthas 150 iarratas, agus astu sin aithníodh 11 tionscadal indibhidiúil maidir le tuilleadh tacaíochta forbartha a thabhairt dóibh atá á sholáthar ag Fáilte Éireann. Ina theannta sin, tá obair ar siúl ar roinnt tionscadal eile taighde agus forbartha níos leithne rud a chiallaíonn go bhfuil Fáilte Éireann tar éis cúnamh a thabhairt do 42% de na hiarratais a fuarthas.

An Corn Domhanda Rugbaí

Tá an phríomhpháirt Rialtais ag an Roinn, i gcomhar leis an IRFU agus an Roinn Eacnamaíochta i dTuaisceart Éireann, maidir le tacú le tairiscint na hÉireann le hóstáil a dhéanamh ar Turnaimint Chorn Domhanda Rugbaí i 2023. Tá an Corn Domhanda Rugbaí ar cheann de na himeachtaí spóirt is mó ar domhan lasmuigh de na Cluichí Oilimpeacha agus Corn an Domhain FIFA. D'éirigh le hÉirin sa Chéim Iarratasóra i 2016, agus seoladh a Céim Iarrthóra ar an 15ú Samhain. Tá cuid mhór oibre déanta anois ar an gCéim Iarrthóra a chríochnú. Cuirfear cáipéisíocht Tairisceana na Céime Iarrthóra isteach faoin 1ú Meitheamh 2016 agus déanfaidh Rugbaí Domhanda cinneadh a fhógairt i mí na Samhna 2017.

Déanfaidh Éire óstáil ar Chorn Domhanda Rugbaí na mBan i 2017 freisin. Tá tacaíocht á thabhairt ag an Roinn agus ag Fáilte Éireann don imeacht i gcomhar le Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann. Déanadh an Tarraingt Roinne ar an 9ú Samhain 2016 i mBéal Feirste.

Éire a Chur Chun Cinn Thar Lear

I 2016, rinneamar €35m a sholthár do chur chun cinn na hÉireann thar lear mar cheann scribe turasóireachta. Rinne Turasóireacht Éireann, atá freagrach as turasóireacht ar oileán na hÉireann a chur chun cinn thar lear, a ngníomhaíochtaí margaíochta a dhíriú i 2016 ar na margaí ba dhóchúla agus ar an sciar sin de thomhaltóirí is mó a thabharfadh ioncam turasóireachta.

Cé go bhfuil an príomhfhócas madiir le gníomhaíochtaí margaíochta thar lear fós ar na ceithre phríomh-mhargaí turasóireachta, is iad sin an Bhreatain Mhór, SAM, an Fhrainc agus an Ghearmáin (ar ionann iad le chéile agus beagnach trí cheathrú le líon na gcuairteoirí go hÉirinn), bhí gníomhaíocht freisin ar siúl le tacú le deiseanna fadtéarmacha i margaí mar an tSín, an India agus an Meánoirthear.

Neartaigh gníomhaíocht mhargaíochta riocht na hÉireann sa mhargadh turasóireachta idirnáisiúnta trí lántairbhe a bhaint as ár dtaitneamhachtaí agus ár n-eispéireas aitheantais, mar shampla Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Oirther Ársa na hÉireann, agus spreagadh tomhaltóirí le féachaint ar Bhaile Átha Cliath agus ar chathracha eile mar cheann scribe do sciuird chathrach sainiúil.

Bhí cothromaíocht sa chur chun cinn ar réigiúin, trí sárthaispeántas a dhéanamh ar mheascán roghanna turasóireachta cois cósta, ar thairiscintí cultúrtha tuaithe agus oidhreachta, ar mhealltacht 'city plus' beoga na bpríomhionad uirbeach. Leanadh le tacú le deighleoga nideoige ar a n-áirítear galfairí, cuairteoirí gnó agus dreasachta, chomh maith leis an Diaspóra trí réimse tionscnamh margaíochta.

Bhí gníomhaireachtaí turasóireachta rannpháirteach freisin le réimse leathan feachtas comhoibrithe le hiompróirí aeir agus farraige, le trádáil thar lear agus comhpháirtithe gnó.

Spórt

Sprioc ardleibhéil **Cur le sochaí níos sláintiúla agus níos gníomhaí trí rannpháirtíocht i spórt a chur chun cinn agus trí thacú le hardghníomhaíocht agus áiseanna spóirt a sholáthar**

Tá iliomad buntáistí sláinte, sóisialta agus eacnamaíochta ag baint le rannpháirtíocht mhuintir na hÉireann i spórt agus i ngníomhaíocht choirp. Tá na buntáistí sláinte atá ag baint le rannpháirtíocht i spórt suntasach, ní amháin d'fholláine coirp agus meabhairshláinte an duine, ach freisin d'ár gcóras sláinte le laghdú dá réir ar an éileamh ar sheirbhísí sláinte. Is féidir le spórt scileanna tábhachtacha saoil a mhúineadh do rannpháirtithe mar obair bhuíne, disciplín agus is féidir le ceannaireacht ról tábhachtach a bheith aici freisin maidir le tabhairt faoi chuid de na dúshláin atá i ndán don sochaí, ar a n-áirítear eisiamh sóisialta agus iompraíocht fhrithshóisialta. Tá luach eacnamaíoch spóirt d'Éiinn measta ag €2.4 billiún.

Creat an Pholasaí Náisiúnta Spóirt

Rinneamar Páipéar Comhairliúcháin Phoiblí Chreat an Pholasaí Náisiúnta Spóirt a sheoladh i mí na Samhna 2016. Ba í aidnm an Pháipéir Comhairliúcháin seo aighneachtaí a lorg ar pháirtithe leasmhara san earnáil spóirt ar réimse ceisteanna ar a n-áirítear Ardghníomhaíocht, Rannpháirtíocht, Saoráidí Áitiúla agus Réigiúnacha, Turasóireacht Spóirt, Cóitseáil agus Oibriú go Deonach.

Cuirfear na haighneachtaí a fuarthas le linn an phróisis chomhairliúcháin san áireamh agus Creat an Pholasaí Náisiúnta Spóirt á chur le chéile, ar é an chéad cheann dá leithéid é le breis agus fiche bliain. Soláthróidh an coiciméad creat an pholasaí do spórt in Éirinn go ceann deich mbliana. Socróidh sé ach go háirithe cár chóir fócas caiteachais an Rialtais ar spórt a bheith dírithe. Déanfaidh sé iarracht freisin ar ról trasearnála níos leithne spóirt sa gheilleagar, in oideachas, sláinte, turasóireacht agus réimsí gaolmhara a shocrú.

Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp

Is tionscnamh trasearnála é an Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp leis an aidhm leibhéal na gníomhaíochta coirp a mhéadú as a dtiocfadh buntáistí sláinte, eacnamaíochta agus sóisialta. Is í sprioc uileghabhálach an Phlean méadú 1% in aghaidh na bliana dhéanamh ar líon na ndaoine de gach aois a bhíonn páirteach i ngníomhaíocht choirp go rialta go dtí 2020.

Seoladh an Plean ar an 14ú Eanáir 2016. Bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe ina dhiaidh sin agus déanann an Roinn comhchathaoirleacht ar chruinnithe an Ghrúpa seo leis an Roinn Sláinte. Is é atá sa Ghrúpa Forfheidhmithe ná ionadaithe ó na Ranna Rialtais, na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí iomchuí.

I 2016, rinneamar €4 milliún i gCistiú na gCuntas Díomhaoin a sholáthar le céimeanna éagsúla sa Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp a chur chun cinn i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste ar fud na hÉireann.

Fiosrúchán Moran

I mí Lúnasa 2, chuir údaráis um fhorfheidhmiú an dlí sa Bhrasaíl tús le fiosrúchán maidir le hathdíol ticéid do Chluichí Oilimpeacha Rio. Tá sé ráite ag údaráis na Brasaíle go ndearnadh na ticéid atá ag croílár a bhfiosrúcán a leithdháileadh sa chéad áit ar Chomhairle Oilimpeach na hÉireann.

Rinne an tAire agus an Roinn cineadh fiosrúchán neamhreachtúil a bhunú le breitheamh ar scor a bheith mar chathaoirleach air d'fhonn fiosrú a dhéanamh ar na cúinsí agus na fíricí a bhaineann leis an gceist seo. Thosaigh an fiosrúchán, faoi cheannas an Bhreithimh Carroll Moran, ar a fhiosrú ar an 19ú Meán Fómhair 2016. Chuir an Breitheamh Moran a thuarascáil faoi bhráid na Roinne ar an 12ú Meitheamh 2017.

Infheistíocht i Spórt

Clár Caipitil Spóirt
Is é an Clár Caipitil Spóirt príomhbhealach an Rialtais le tacú le háiseanna spóirt a fhorbairt agus trealamh spóirt a cheannach do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt ar fud na hÉireann. Íocadh €40m le 736 deonaí i rith na bliana. Ina theannta sin, fógraíodh babhta nua den Chlár, le €30m á chur ár fáil do thionscadail caipitil spóirt ar fud na tíre.

Déanadh leithdháileadh foirmeálta de €30m ar Bhord Contae Chorcaí le hathfhorbairt a dhéanamh ar Pháirc Uí Chaoimh.

Clár Linne Snámha na nÚdarás Áitiúla
Soláthraíonn Clár Linne Snámha na nÚdarás Áitiúil deontais d'athsholáthar nó do linn snámha nua Údaráis Áitiúil nó d'athchoiriú ar linn snámha atá ann. I 2016 leanadh le hoibreacha ar linnte snámha i nDún Mánmhaí agus Caisleán an Bharraigh, agus cuireadh Leamhcán leis an gClár.

Spórt Éireann

Thugamar tacaíocht do ghníomhaíochtaí Spórt Éireann agus d'fhan i dteagmháil rialta leo maidir le monatóireacht a dhéanamh ar an bhforbairt éifeachtach, cistiúchán agus cur i bhfeidhm na gclár, ag teacht le riachtanais airgeadais agus le polasaí an Rialtais. Ba é an buiséad caiteachais reatha do spórt i 2016 ná €47.3m.

Cheadaigh an cistiúchán seo forfheidhmiú ar phlean straitéiseach eatramhach 2016 Spórt Éireann. Déanadh faomhadh ar an Straitéis Eatramhach i 2016, ag feitheamh ar chríochnú an Pholasaí Náisiúnta Spóirt nua. Tugtar tosaíocht sa Straitéis eatramhach do 4

phríomhréimse ó straitéisí roimhe eo agus leagtar amach príomhtháscairí feidhmíochta fadtéarmacha do gach ceann de na tosaíochtaí seo. Is iad seo na príomhréimsí:

- Straitéis Rannpháirtíochta Spórt Éireann a Chur Chun Cinn;
- Acmhainn agus cumas na hearnála spóirt a fhorbairt;
- Campas Náisiúnta Spóirt den scoth a fhorbairt, a oibriú agus a chur chun cinn le tacú le spórt ag gach leibhéal in Éirinn; agus
- Córas Ardghníomhaíochta na hÉireann a fhorbairt agus a choimeád.

Ardghníomhaíocht

Déanadh €10.1m a infheistiú in Ardghníomhaíocht i 2016. Áiríodh anseo €1.8m i ndeontais faoi Scéim Idirnáisiúnta Cardála Spórt Éireann do scoth lúthchleasaithe agus imreoirí na hÉireann, agus deontais de €8.3m Choistí Náisiúnta Rialaithe (CNR) faoin gClár Ardghníomhaíochta. Soláthraíodh €1.8m eile d'Fhoras Spóirt na hÉireann do Sheirbhísí Tacaíochta Ardghníomhaíochta.

Sna spóirt ar thacaigh Spórt Éireann leo, bhuaigh Éire 54 mórbhonn ag tionóil Eorpacha agus Domhanda i spóirt éagsúla, ar a n-áirítear 2 bhonn airgid ag na Cluichí Oilimpeacha i Rio agus 11 bonn ag na Cluichí Parailimpeacha i Rio.

Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt

Déanadh leithdháileadh ar €10.86m milliún ar 58 CNR le ceadú dóibh na príomhghníomhaíochtaí atá ag teastáil le spóirt ardchaighdeáin a sheachadadh in Éirinn, ar a n-áirítear riarachán, oideachas cóisteálaithe, agus óstáil agus rannpháirtíocht in imeachtaí idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, íocadh €7.4m le tacú le hobair Chumann Lúthchleas Gael, Cumann Peile na hÉireann agus Cumann Rugbaí na hÉireann maidir le rannpháirtíocht dhaoine óga i spórt a mhéadú (áirítear anseo cistiú an Chláir na mBan i Spórt don FAI agus don IRFU.

Rannpháirtíocht

Tugtar imlíne thíos ar chuid de na cláir a raibh Spórt Éireann ina mbun agus a dtorthaí i 2016.

Comhpháirtíochtí Áitiúla Spóirt

In 2016, sholáthair 29 Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt clúdach náisiúnta do chláir agus do sheirbhísí rannpháirtíochta spóirt. Rinne Spórt Éireann infheistíocht ar díreach os cionn €5m i líonra an CÁS i rith na bliana. Rinne an líonra Comhpháirtíochta óstáil ar fhostú 17 Oifigeach Forbartha Spóirt Pobail.

Tá na CÁSanna rannpháirteach i gcláir il-rannpháirtíochta a sholáthar do dhaoine de gach aois. I 2016, ghlac 15,400 duine páirt i Sraith Rothaíochta An Post a bhí eagraithe agus curtha ar siúl ag cúig Chomhpháirtíocht ó 2009 i leith.

I 2016 ghlac os cionn 23,000 rannpháirtí páirt i siúlóidí agus imeachtaí reatha a d'eagraigh Operation Transformation. Tionóladh 52 siúlóid Operation Transformation ar fud na tíre. Tionóladh na himeachtaí i gcomhar leis an gComhpháirtíocht Áitiúil Spóirt.

Cistiú na gCuntas Díomhaoin

I 2016, déanadh díreach os cinn €1.6m de Chistiú na gCuntas Díomhaoin a leithdháileadh le moil Spóirt Pobail agus Gníomhaíochta Coip a bhunú i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste ar fud na tíre agus mol Náisiúnta Oideachais agus Oiliúla Spóirt a chruthú.

Déanann Spórt Éireann riaradh ar an infheistíocht agus é mar aidhm a bheith rannpháirteach le pobail áitiúla, ag díriú ar dhaoine atá faoi mhíchumas, daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil agus pobail atá faoi mhíbhuntáiste.

Déanadh díreach os cionn €1m den €1.6m a sholáthar do clár Lár na Cathrach Thoir Thuaidh i mBaile Átha Cliath. Ba é cuspóir an tionscadail seo daoine áitiúla a thabhairt le chéile agus tacú leo le hacmhainn a thógáil do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt áitiúla i gceantar RAPID atá go mór faoi mhíbhuntáiste i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath. Tá sé ar intinn go soláthródh na torthaí níos mó deiseanna do dhaoine óga agus don phobal i gcoitinne a bheith gníomhach go fisiciúil.

Ag Leathnú Rannpháirtíochta i Spórt

Soláthraíodh €0.97m i 2016 do Chlár na mBan i Spórt. Tá an Rialtas tar éis os cionn €18m a infheistiú trí thionscnamh na mBan i Spórt ó 2005 i leith d'fhonn aghaidh a thabhairt ar cheist rannpháirtíochta na mban i spórt in Éirinn. Tá Spórt Éireann tiomanta infheistíocht a dhéanamh i gClár na mBan i Spórt mar thosaíocht straitéiseach agus leanfar le hacmhainní agus le treoir a sholáthar le laghdú a dhéanamh ar an dealú inscne i rannpháirtíocht i spórt.

In 2016, rinne an CS leithdháileadh ar mhaoiniú de €607,605 faoin gClár 'Beir Beo ar an Saol', atá dírithe ar chabhrú le clubanna agus le heagraíochtaí deiseanna a mhéadú dá gcuid ball breacaosta a bheith rannpháirteach go gníomhach i spórt áineasa agus i réimse gníomhaíochtaí fisiciúla.

Clár na gCosán Áineasa (Cosáin Spórt Éireann)

Lean Spórt Éireann le tacú le gréasán chosán na hÉireann a fhorbairt. I 2016, tugadh faoi 169 cigireacht agus meastóireach tchomhairleach ar bhealaí siúlóide, rothaíochta agus uisce in Éirinn.

Seachtain Spóirt na hEorpa, 2016

Bhí Éire ina comhordaitheoir náisiúnta ar sheachtain Spóirt na hEorpa in Éirinn i 2016. Bhí an tseachtain, ar thionscnamh Choimisiún na hEorpa a bhí i gceist, ar siúl ón 10ú go dtí an 18ú

Meán Fómhair agus cuireadh os cionn 480 imeachtaí spóirt ar siúl ar fud na tíre. Áiríodh orthu seo roinnt imeachtaí suaitheanta mar Mhór-Rothaíocht Bhaile Átha Cliath, Feachtas Scoile #BeActive agus an Lá Náisiúnta Aclaíochta. D'oibrigh Spórt Éireann le comhpháirtithe éagsúla agus rinne comhordú ar fheachtas náisiúnta curtha chun cinn don tseachtain ag úsáid ardáin churtha chun cinn ar líne.

Bhí 5,100 iontráil in imeacht Mór-Rothaíochta Bhaile Átha Cliath le bealaí 60km agus 100km á dtairiscint.

Cód Rialachais

I 2016, d'iarr an tAire Stáit ar Spórt Éireann riachtanas éigeantach a thabhairt isteach go gach CNR a fhaigheann airgead Rialtais trí Spórt Éireann glacadh le Cód Rialachais d'Eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanais. Ag éirí as seo, tá Spórt Éireann ag éileamh go mbeadh gach Comhlacht Maoinithe ag déanamh go hiomlán de réir an Chóid seo faoi 2020 ar bhonn "comhlíon nó mínigh".

Cóitseáil

I 2016, cáilíodh 9,236 cóitseálaí in éineacht le 146 teagascóir agus rinne Cóitseáil Spórt Éireann faomhadh ar 1,687 cúrsa.

Frithdhópáil

Feidhmíonn Spórt Éireann Clár Frithdhópála Spóirt na hÉireann agus leantar le dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí tástála, oideachais agus taighde. Tá cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an gClár ó thaobh feabhais de rud atá tábhachtach do spórt na hÉireann agus do lúthchleasaithe a bhíonn ag iomaíocht ag na leibhéil is airde i spórt.

Bhronn IENF (Institiúid na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála) Aitheantas Cáilíochta ar Spórt Éireann dá gClár Bailithe Samplaí i 2016.

Chuir Aonad Frithdhópála Spórt Éireann oiliúint ar 21 teagascóir ó na CNRanna seo a leanas: CLG, Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann, Cumann Snámha na hÉireann agus Cumann Gleacaíochta na hÉireann. Cuireadh 23 seimineár oideachais ar siúl i 2016.
Rinne Spórt Éireann taighde i 2016 le féachaint ar dhearcadh, creideamh agus iompar lúthchleasaithe na hÉireann maidir le Clár Frithdhópála na hÉireann.

An Campas Náisiúnta Spóirt

Déanadh dul chun cinn suntasach i bhforbairt áiseanna ag an gCampas Náisiúnta Spóirt. Bhí obair ar an Láthair Náisiúnta Faoi Dhíon (LNFD) beagnach críochnaithe i mí na Nollag 2016, leis an gcéad eilimint, an Lárionad Náisiúnta Oiliúna Laistigh, a rinne óstáil ar "Chraobhchomórtas Oscailte" Badminton Éireann ón 7ú go dtí an 10ú Nollaig, á thabhairt ar láimh. Tá an LNL mar chuid den Mháistirphlean don Champas Náisiúnta Spóirt agus é

aitheanta mar mhórphíosa atá in easnamh ar an mbonneagar náisiúnta spóirt. Osclaíodh é i mí Eanáir 2017.

Mar chuid den straitéis comhpháirtíochta idir an CLG, FAI, IRFU agus Cumann Haca na hÉireann, chríochnaigh an CLG an fhorbairt ar a "Lárionad Forbartha Cluichí Náisiúnta" ag an gCampas ar osclaíodh é in Aibreán 2016.

Tosaíodh ar an Raon Náisiúnta Trastíre nua, a críochnaíodh i 2015, a údáid den chéaduair i ndiaidh na tréimhse "fáis" a bhí de dhíth, agus is ann a cuireadh na Comórtais Náisiúnta Reatha Trastíre ar siúl i mí na Samhna 2016.

Críochnaíodh obair ar Cheanncheathrú ar leith do Oilimpicí Speisialta Éireann ag an gCampas Náisiúnta Spóirt i nDeireadh Fómhair 2, le Oilimpicí Speisialta Éirinn ag glacadh seilbhe ar an mhí chéanna. Déanadh an tionscadal a fhorbairt i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí.

Tosaíodh ar chóiríocht nua oifige ag an gCampas Náisiúnta Spóirt i Meán Fómhair 2016.

Tosaíodh ar réamhobair ar an bpróiseas soláthair agus ar chás gnó don Lárionad Náisiúnta Veileadróim & Badminton nua atá beartaithe i 2016.

Tosaíodh ar chonairí 1km agus 2km bogshodair agus aclaíochta laistigh de thailte an Champais ag deiredh 2016 le hoibreacha á gcríochnú go luath i 2017. Beidh an chonair oscailte don phobal agus í oiriúnach do chathaoireacha rothaí.

NSCDA (Operations) Limited

Tá fochuideachta de Spórt Éireann, NSCDA (Operations) Limited freagrach as bainistíocht agus oibriú laethúil áiseanna an Champais Náisiúnta Spórt, ar a n-áirítear an tIonad Náisiúnta Uisce, an tIonad Náisiúnta Eachspóirt, an Lárionad Náisiúnta Oiliúna Tástála Tiomána, áiseanna sintéiseacha agus páirce móna, Ionad Comhdhála Campais agus an tIonad Nuapheantatláin. Tá freagracht ar an gcuideachta freisin maidir le hoibriú laethúil Staidiam Morton, Seantrabh agus maidir le cothabháil na cóiríochta oifige do chomhlachtaí spóirt a sholáthraítear ar an gCampas.

I rith 2016, tháinig os coin 1,036,000 duine chuig an Ionad Náisiúnta Uisce (suas ó 990,000 duine i 2015) agus í ar an mbliain ba ghnóthaí fós ó tháinig an saoráid faoi bhainistíocht dhíreach an Champais agus daingniú á dhéanamh ar a sheasamh laistigh de ceithre áiteanna tarraingteacha is mó sa Stát a n-íocann cuairteoirí airgead le dul isteach chucu. Seo í an chéad bhliain a ndeachaidh líon na gcuairteoirí chuig an Ionad os coin 1m.

Tháinig méadú leanúnach ar líon na gcuairteoirí chuig áiseanna eile ag an gCampas Náisiúnta Spóirt le 97,823 duine ag teacht chuig Páirceanna Sintéiseacha CNS (suas 5% ar 2015). Tháinig 98,277 duine chuig Staidiam Morton an bhliain seo caite (suas 2% ar 2015).

Ar dTiomantas d'Fheidhmíocht

Táimid tiomanta an tacaíocht is fearr a sholáthar dár nAirí agus dár bhfoireann, agus ár misean agus ár spriocanna ardleibhéil a thabhairt i gcrích.

Tá ár seirbhísí tacaíochta corparáideach riachtanach maidir lenár gcuspóirí a sholáthar, agus cuimsíonn said feidhmeanna mar acmhainní daonna agus airgeadais, soláthar seirbhíse inmheánach, agus seirbhísí custaiméara. Tugtar imlíne thíos ar na buaicphointí sna réimsí sin i 2016.

Seirbhísí Custaiméara

Leanamar lenár bpolasaí maidir leis an oiread eolais agus is féidir é a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin www.dttas.ie i rith 2016. Áirítear anseo tuarascálacha ar íocaíochtaí soláthraithe, ballraíocht de Bhoird Stáit agus eolas eile a bheadh chun leasa an phobail.

Rinneamr suirbhéireacht ar líne ar ár gcustaiméirí i Meán Fómhair-Samhain 2016. Léirigh torthaí na suirbhéireachta go raibh céatadán ard de na custaiméirí sásta leis an seirbhís a fuair siad. Déanadh suirbhéireacht eile dár n-oifig sa tSionainn, agus arís léiríodh go raibh formhór na gcustaiméirí sásta leis an seirbhís a fuair siad.

Soláthar Foirne

Leantar le leasú a chur i bhfeidhm maidir le soláthar:

- Comhaontú na Seirbhíse Poiblí (Páirc an Chrócaigh);
- Comhaontuithe Cobhsaiochta na Seirbhíse Poiblí (Bóthar Haddington agus Bóthar Lansdún);
- céimeanna ginearálta leasaithe leagtha amach ina Plean Comhtháite Soláthair Leasaithe; agus
- a bheith rannpháirteach i bhforfheidhmiú Phlean Gníomhaíochta Athnuachana na Seirbhíse Poiblí.

Áiríodh ar ár ndul chun cinn rannpháirtíocht le cumainn na foirne ar aon cheist a éireodh don fhoireann as forfheidhmiú na gcomhaontuithe agus na ngníomhaíochtaí éagsúla.

Leanamar lenár bPlean Gníomhaíochta um Chreat Pleanála d'Fhórsa Oibre a chur i bhfeidhm i rith 2016 ag úsáid anailíse an Chreata ar riachtanais acmhainne tosaíochta agus riachtanais na dtacar sainscileanna gaolmhara, le béim ar leith ar sholáthar/éileamh agus bearnaí a aithint d'fhonn ár dtosaíochtaí gnó a sholáthar. Déanadh dréachtú ar Chreat Pleanála d'Fhórsa Oibre nua do 2017-2019. Leanamar le feidhmiú laistigh dá socruithe aontaithe tarmligthe maidir le pá agus soláthar foirne don Roinn agus do na Gníomhaireachtaí Stáit neamhthráchtála. Cheadaigh seo dúinn dul ar aghaidh le plé ar scannadh an tsoláthair foirne lena chinntiú go ndéanfaí freastal ar riachtanais chriticiúla gnó na hearnála. Tugtar achoimre in Aguisín 3 ar athruithe foine sa Roinn i rith 2016.

Foghlaim agus Forbairt Foirne

Cláir Mheantóireachta & Chóitseála

Sheol an tAonad Forbartha Foirne ár gCláir Mheantóireachta agus Chóitseála freisin (2 chlár ar leith ach iad a bheith teacht le chéile) i 2016. Ina theannta sin bíonn gach Oifigeach Riaracháin a earcaítear rannpháirteach i gClár Forbartha do Chéimithe na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na cláir mheantóireachta agus eilimintí meantóireachta an Chláir Forbartha do Chéimithe á dtabhairt le chéile, bhí 30 ball foirne rannpháirteach go gníomhach mar mheantóirí nó mar dhaltaí.

Aisíoc Táillí Tríú Leibhéal

Leanamar lenár dtacaíocht i 2016 don fhoireann a bhí páirteach i staidéar éagsúil 3ú leibhéal, nuair a ceapadh a leithéid de chúrsaí a bheith ábhartha dá ró agus chun leasa na Roinne. Déanadh 11 iarratas ar chistiú faoin scéim seo a fhaomhadh don tréimhse acadúil 2016/2017.

Cóiríocht

Thosaíomar ar an bpróiseas comhdhlúthaithe ar ár dtrí oifig i mBaile Átha Cliath i 2016. Tá ár n-oifig i Lána Líosain, Baile Átha Cliath mar Cheanncheathrú ag an Rionn anois.

Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise

Cuireadh tuilleadh feabhais ar chóras LATC (Logála agus Anailíse na dTeagmhas Comhroinnte) an Gharda Cósta i 2016. Tháinig córas nua Faisnéise do mharaithe i bhfeidhm i mí na Nollag 2016 (féach suíomh Gréasáin: (see website: www.seafarers.ie) agus cuireadh clár feabhsuithe don chóras SafeSeas Ireland i bhfeidhm.

Déanadh uasdhátú ar ár gcóras Deontas Caipitil Spóirt (OSCAR) i 2016. Déanadh sin lena chinntiú go mbeadh an córas oiriúnach d'fheidhm bhabhtaí eile den Chlár Caipitil Spóirt. Cuireadh feabhas ar an bpróiseas tairsí/iarratais.

Saoráil Faisnéise

Tháinig méadú substaintiúil ar líon na n-iarratas a bhain le Saoráil Faisnéise ó tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2014, ag aisghairm na n-achtanna roimhe sin a bhain le 1997 agus 2003. Rinneamar 302 cás a phróiseáil i 2016, i gcomparáid le 242 i 2015, agus 96 i 2014. Tharla 7 athbhreithniú inmheánach ar chinntí i 2016, agus rinne Oifig an Choimisinéara Faisnéise athbhreithniú ar 7 achomharc.

An Ombudsman agus Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol

Chuir an Ombudsman 4 ghearán ar aghaidh chugainn i rith 2016. Fuarthas 9 iarratas ar Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol agus tharla 1 athbhreithniú inmheánach ar chinntí a déanadh.

Pras-Íocaíochtaí

I 2011, d'aontaigh an Rialtas gur choir go ndéanfadh comhlachtaí na hearnála poiblí íocaíochtaí leis an soláthraí laistigh de 15 lá tar éis sonrasc a fháil. I 2016, rinne an Roinn íocaíochtaí a raibh luach €1.854 billiún orthu. As na híocaíochtaí sin, íocadh 98% laistigh de 15 lá agus déanadh próiseáil ar 99.9% laistigh de 30 lá.

Rinne Gníomhaireachtaí Stáit neamhthráchtála faoinár gcoimirce íocaíochtaí a raibh luach €867.6m orthu a thuairisciú i 2016. As na híocaíochtaí seo, íocadh 86.9% acu laistigh de 15 lá, a raibh luach €754. 3m i gceist.

Déantar sonraí maidir leis na híocaíochtaí seo a fhoilsiú go ráithiúil agus is féidir iad a fháil ag Corporate Services section ar ár suíomh gréasáin.

Airgeadas

Choimeád ár Rannóg Airgeadais creidiúnú I.S EN ISO 9001:2008 i gcomhthéacs na gcóras bainistíochta airgeadais.

Aguisíní

Aguisín 1

Airí agus Ardbhainistíocht

An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Aire Stáit Turasóireachta agus Spóirt

Bord Bainistíochta na Roinne

Aguisín 2

Reachtaíocht Roinne

Is féidir liosta den Reachtaíocht Phríomha agus Tháinisteach a ndearna an Roinn iad a achtú i 2016 a aimsiú ag an nasc seo a leanas:

Reachtaíocht Phríomha agus Tánaisteach

Aguisín 3

Staitisticí AD

Léiríonn an tábla seo a leanas na hathruithe ar líon na foirne i rith 2016 agus na príomhchúiseanna a bhí leis na hathruithe sin.

Athruithe Achoimair na Roinne (Líon a raibh Tionchar Orthu)		
	WTE	**Líon daoine**
Eanáir 2016 Líon	427.79	454
Ar Scor/Éirithe as	-15.80	-16
Imithe ar Sos Gairme	0.00	0
Ar Iasacht/Ath-Imlonnaithe In/CAF	17.00	17
Ar Iasacht/Ath-Imlonnaithe Amach	-12.80	-13
Athrú ar líon na gCeapachán ag Airí	-4.00	-4
Gluaiseachtaí Luaineachta Sinsir	1.00	1
Athruithe ar Phatrún Postroinnte (14 cás)	-1.20	0
Earcaíocht	45.00	45
Earcaíocht Shealadach (11 cás)	2.00	2
Figiúr do Dheireadh 2016	**458.99**	**486**

* Coibhéis Lánaimseartha

Aguisín 4

Staitisticí Ghardaí Cósta na hÉireann – Treocht cúig bliana

	2011	2012	2013	2014	2015	2016
Teagmhais	1817	1980	2627	2631	2664	2582
Daoine sábháilte / cuidithe	3536	2776	5685	4256	3899	4080
Teagmhais ina raibh Árthach Pléisiúir i gceist	580	578	498	676	600	482
Teagmhais ina raibh Árthach Trádála i gceist	77	67	61	69	52	62
Teagmhais ina raibh Árthach Iascaireachta i gceist	180	179	215	189	185	212
Tuarascáil ar Thruailliú/Tarrthálas	41	47	46	44	32	44
Aonaid Chósta GCÉ i mbun cúraim	912	933	1156	1272	1289	1065
Héileacaptar GCÉ i mbun cúraim	553	532	808	915	1013	898
RNLI i mbun cúraim	728	723	877	819	836	854
Báid Fhóirithinte Pobail Éireann i mbun cúraim	124	170	145	211	219	131
Rogha Bréige	118	76	91	94	135	245

Aguisín 5

Innéacs Acrainm

Acrainm	
ACI	Aonad Comhordaithe Iompair
ACOIB	An tAonad um Cheadúnú Oibreora Iompair ar Bhóithre
AEA	Aerspás Eorpach Aonair
AIAT	An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí
AIÉCM	Aerfort Iarthair na hÉireann i gCnoc Mhuire
AITI	An tAonad um Imscrúdú Timpiste Iarnróid
AMEA	Aonad Measúnaithe Eacnamaíochta agus Airgeadais
BFA	Bloc Feidhme Aerspáis
CACM	Caighdeáin agus Cleachtais Mholta
CÁS	Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt
CAT	Cuardach agus Tarrtháil
CATT	An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas
CBC	Creat Breithmheasa Choiteann
CCI	Córais Chliste Iompair
CCI	Córais Chliste Iompair
CCI-C	Córais Chliste Iompair atá Comhoibríoch
CCOBM	Córad Ceadúnaithe Oibreacha Bóthair Mapoad
CEEN	An Coiste um Éascú Eitlíochta Náisiúnta
CEES	An Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta
CEGIB	An Clár Eorpach um Ghnóthais Iompair de Bhóthar
CIT	An Clár Iompair Tuaithe
CNÁTT	Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas
CNC	Córas Nua Cigireachta
CNFT	Comhad Náisiúnta Feithicle agus Tiomána
CNR	Coiste Náisiúnta Rialaithe
CPMS	Córas Próiseála Muirear Seasta
CPP	Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí
CRS	Comharthaí Rabhaidh Sáraithe
CSI	An Coimisiún Sábháilteachta Iarnród
DCOFM	Dearbhú Caighdeán Oiliúna agus Faire do Mharaithe
DFC	Dlúthfheachtas Cigireachta
EESI	An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta
EMI	An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta
FFAP	Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí
FFNES	Fóram Forbartha Náisiúnta um Eitlíocht Shibhialta
FOCR	Feithicil Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí
GEI	An Ghníomhaireacht Eorpach Iarnród

GESE	An Ghníomhareacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta
GOCÁ	Grúpa Oibre ar Chostas Árachais
IENFD	Institiúid na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála
LNFD	Láthair Náisiúnta Faoi Dhíon
MTP	Meabhrán Tuisceana Pháras
NAP	National Aviation Policy
OSP	Oibleagáid Seirbhíse Poiblí
PTN	Pleanálaí Turais Náisiúnta
RSRFT	Rannóg Seirbhísí Ríomhairí Feithicle Tiomána
SCE	An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa
SOOM	Scéim Oideachais agus Oiliúna Muirí
SRDE	Seirbhís Ríomhbhailiúcháin Dolaí na hEorpa
TBAAEA	Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair
TCM	Taifead Cheadúnais Mháistir
TET	Tuarascáil Éigeantach Tarlaithe
ÚNI	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
ÚSB	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithe